Aḃráin Ġaeḋilge

Sgríoḃṫa le

h-Antoine Ṡ. Uí Ḋoċarṫaiġ.

Cailín deas Crúiḋte na m-ḃó.

Tá bliaḋain nó níos mó 'gam ag éisteaċt
  le cogar doilġéasaċ mo ṁeóin,
Ó casaḋ liom grád geal mo ċléiḃe
  Tráṫnóna breáġ gréine 'san ḃ-fóġṁar.
Ḃí an ḃó ḃuinne ċúṁarṫa ag géimniḋ
  'S na h-éunlaiṫ go meidreaċ le ceól;
'S ar ḃruaċ an t-sruṫáinn ar leaṫ-taoiḃ díom
  Ḃí cailín deas crúiḋte na m-ḃó.

Tá a súile mar loinnraḋ na gréine
  Ag sgaraḋ tre sgéarṫaiḃ an ċeóiġ;
'S is deirge a gruaiḋ 'ná na caora
  Ar lasaḋ 'measg craoḃṫaḋ na g-cnóḋ;
Tá a béilín níos milse na sméurṫa,
  'S is gile 'ná leaṁnaċt a snóḋ;
Níl óg-ḃean níos deise 'san t-saoġal so
  'Ná cailín deas crúiḋte na m-ḃó.

Dá ḃ-faġainn-se árd-ṫiġearnas na h-Éireann,
  Agus euḋaċa síoda 'gus sróil;
Dá ḃ-faġainnse an ḃain-ríoġain is aoirde
  Dá ḃfuil ar an doṁan so beó;

Dá b-fáġainn-se céud loingeas mar spré dam,
  Píoláistíḋe, caisleáin, agus ór;
Do b-fearr liom ḃeiṫ boċt ar ḋruim sléiḃe
  le cailín deas-ċrúiḋte na m-bó.

Muna ḃfuil sé am' ċómair ḃeiṫ i n-éinfeaċt
  leis an spéir-ḃean ró-ḋílis úd fós,
Is daoirseaċ, dobrónaċ mo ṡaoġal-sa,
  Gan suairceas, gan éifeaċt, gan treó;
Ní ḃéiḋ sólas am' ċroiḋe, 'ná am' intinn,
  Nó suaimhneas agam oiḋċe nó ló,
Nó go b-fáġaiḋ le mo ṫaoiḃ ó n-a muintir
  Mo ċailín deas crúiḋte na m-bó.

Mícheal Ua Súilleaḃáin.

# Sláinte.

## Fonn:- "An Bacaċ."

Go sláinte Ulaḋ duiḃ na n-Gall
A g-cóṁnuiḋe fíor, giḋ minic mall, —
Ca ċonnairc fallsaċt, cluain, nó feall
Ariaṁ ameasg a cloinne?
Nuair ṡéid an adarc a' fuagraḋ baoġal
Ó ġleanntaiḃ glas 'gus sléiḃtiḃ maol,
Ḃí laoċra Ulaḋ 'measg na n-Gaoḋal
'S an náṁaid ós a g-coinne.

Go sláinte ḟíor do Ċúige Ṁuṁan
'Gur ċum a daoineaḋ buaḋaċ, buan;
Ní ḃ-fuaras iad ariaṁ faoi ṡuan
le Sacsanaċ 'na laṫair.
Go mairiḋ siad mar sin go deó
le claiḋeaṁ do ṫarraing ins an n-gleó
Mar ṫarraing siad 'san am fad ó
Go réiḋ ar son a máṫar.

So sláinte ṁór do Ċúige Laiġin
'S d'á fearaiḃ calma, cróda, tréun,
Gúin i m-beul aċt teann i méin,
'Gus míllteaċ ann a m-buille.
Gid measgṫa táid i ḃ-fuil 's i ḃ-pór
Mar sin is uaisle iad go mór
Mar ċruṫaiġ siad le neart go leór
Ar ġort agus ar tuille.

So sláinte ġeal do Ċonnaċt siar
'Nnar díbreaḋ laoċra breáġ ár dtír
Do ċongḃaiḋ suas an t-sean ċroiḋ fíor
le láṁaiḃ láidre, cróda.
“Go Connaċt nó go h-árt níos teó,”
Dubairt sgriosadóir a d-tíre leó —
Ġlac siad-san Gaillṁín a's Muiġ-Eó —
Fuair Seaġan an dara roġa!

Aċt líonaiḋ suas gaċ gloinne lán,
'Gus ólamaoid aon t-sláinte ṁáin —
Cum Éire uile 'gus iomlán
A cuimne 'gus a glóire.

Gur luaċ go m-béiḋ sí sona, saor,
Gan neul ag taisbeaint ann a spéir,
A náiṁde ruaigṫe 'mać go léir
'Gus sinne ag a d-tórraḋ.

## An Ġaeḋilg Ċóir. (An Craoiḃín Aoiḃinn).

I.

Éireóċamaoid feasta, tá'n lá geal ag teaċt,
Is ní béiḋmíd faoi smaċt mar atamaoid,
Ag sméirle gan bríġ, no luċt béarla gan ċroiḋe,
Aċt béarfamaoid aġaiḋ ar an náṁaid.
A ċlabaire an béarla, luiġ síos go deó,
Tá an fíor-spiorad beó inns na daoinib
Níl meas ar do ṡórt, ar do ċleas nó do spórt
Ag óganaiḃ cneasta na tíre.

II.

Ḃí an béarla mar smúid ar an spéir inns gaċ clúid,
Agus dall sé na h-Éireannaiġ fíora,
Aċt tá sib an so go bríoġṁar 's go beó,
Go d-tógfaiḋ sib ceó dub na tíre.
Inns an árd-teanga bí ag bárd agus saoi,
Cuirim rómaiḃse na naoi míle fáilte,

Roiṁ mór agus beag, roiṁ óg agus sean,
Roiṁ fear agus bean agus páiste.

III.

Tá cláirseach na h-Éireann le fada faoi ḃrón
Agus lionndubh, ochón! ar a téadaiḃ,
An ċláirseach do ḃí 'na lúṫġáire dó'ṁ ċroiḋe,
Atá sí gan ḃríġ, is í réabṫa.
Acht sgeiṫfiḋ sí ceól ann sna sréanṫaiḃ go fóill,
Béiḋ guṫ ins gach téad do ḃí briste,
Imṫeóċaiḋ droch-ṡíon, soillseoċaiḋ an ġrian
Ar ṡlóġṫaiḃ na ḃ-Fiann a ḃí sgriosta.

IV.

Do fuaras an focal ó éun ar an g-cuan
Agus dubairt se nach buan is nach síorruiḋe
An sglábuiḋeacht d'ḟág an sean-ṁaṫair faoi ċrád,
Is go ḃfuiġmíd a ḃfuilmíd d'iarraiḋ.
Ag feadóg an t-sléiḃe do ċualaiḋ mé sgeul
Go g-cuirfiḋear an Gaeḋeal i n-áirde,
Lucht Béurla faoi ċeó is faoi náire go deó,
Agus sonas is sóġ ann ar g-cáirdiḃ.

V.

Cá ḃfuil na daoine de ṁuinntir Uí Néill
Nach g-caiṫfaḋ a ḃeul leis an mḃéurla?

De ṡlioċt na ríoġ mór, Clann Conaill, Clann Eóġain,
A'r Gearóid bí i Laiġniḃ 'na iarla?
O'Conċuḃair bí i n-Éirinn 'na ríġ
Ar ṫréig siad teanga a máṫar?
Ar ċaiṫ siad díoḃ an giallaiḋ dá n-druim
le dul gan aon truim faoi an tsráṫar!

VI.

Árdóċamaoid teanga na h-Éireann le bród,
Ár sonas, ár seód, a'r ár bpeárla,
A'r cuirfiḋ sí ruaig a'r béarfaiḋ sí buaiḋ
Ar ġlafarnaiġ ċruaiḋ an Ḃéarla.
Ní ḃfuiġiḋ sí bás aċt béiḋ sí ag fás
I n-a crann breáġ ċraoḃaiṁail áluinn,
Agus sgarfaiḋ an sgeul ó ḃeul go ḃeul,
Go mbéiḋ saoirse 'gus seun le fáġail ann.

Dubġlas de h-Íde.

## Teanga na Saoirse. (Tandar i nead í)

Ó Éireannaiġ dílse naċ náireaċ an sgéal
Naċ mbeaḋ againn meas ar ḃinn-ṫeanga na nGaedeal!
Ó teanga ár muinntire, ár sinnsear, 's ár saoi,
Ḃfuil dúil i ní ṫéunaḋ i nsin na Ríoġ.

Tá an slabóir 's an bratadóir go díċeallaċ teann
D'á rád gur b'é'n Béarla ḃeas feasda aca ann,
Aċt ḃeirimíd móide naċ séanfaimíd ċoiḋċe'
An Ġaeḋilg ḃreaġ ḃlasda i nInis na Ríoġ.

Féuċ, dearcaiġ tart timċeall ar na críoċaiḃ go léir
Ó'n Ġréig go tír Loċlainn, gaċ náisiún faoi'n sréin,
Tugaḋ teanga gaċ muinntire ag foilleaṁain da slíġiḋ
Agus Gaeḋilg do ċlainn Ṁíleaḋ i n-Inis na Ríoġ.

B'fearr liomsa beiṫ caint le mo ċéad míle grád
'San teanga ṁín Ġaeḋilge go n-éireoċaḋ an lá
Ná ag éisdeaċt le clabóig a ḃrisfeaḋ do ċroiḋe
Ag sioṁnaḋ a cuid Béarla i n-Inis na Ríoġ.

Ta saoirse d'ár gceannas teaċt ċugainn go luaṫ:
Ca'n teanga ina ḃfáilteoċar ar mbreiṫ a's ar mbuaiḋ?
Ca'n teanga aċt an Ġaeḋilg 'mbéiḋ tábḃaċt nó ḃríġ
le fáilte 'ċur roimpe go h-Inis na Ríoġ.

Maireaḋ tóg suas do ċroiḋe a's arduiġ do ġuṫ
Agus 'maċ leis an ġaeḋilg mar ríṫfeaḋ an sruṫ:
Ní'l teanga sa ċruinne níos binne ná í,
Sí'n teanga ċeap Dia féin go h-Inis na Ríoġ.

Pádraig Mac Aimlaiḋ.

## Aḃrán Ultaċ.

Fonn:- "A Eóin, ṫobar liom gan d'aiṫne."

Is truaġ naċ ḃfuil mé 's an plannta leiṫ
Taoḃ ṡiar d'inis ċúil Árann,
I m-beul na beinne, le taoḃ na tuinne,
Sinn a' dréim le loingeas ar sáile;
Ar ṁéid ar g-cumainn, 's gan aon ruainne ṫorrainn
Aċt geugán duilleabair d'ar sábáil,
Gur ḃé déarfaḋ gaċ duine gur laġaċ ar n-imṫeaċt
Mar d'éulaiġ Diarmuid a's Gráinne.

Ḃí an plannta geanaṁail 'san áit a ḃfuil mé,
'S is buan ṫug mise spéis dí;
Grádh go d-tug me dó bláṫ na gile,
Go bráṫ naċ d-tig liom a réiḋteaċ.

Is é fáṫ mo ṫuirse naċ ḃ-fáġaim cead fuireaċt
'San áit a g-cluinnfinn a sgeula
'S go m-b'fearr liom tamall de'n lá 'na coinne
Ná ar ḟáil de ċruiṫneaċt i n-Éirinn.

'S a Ṁáire, a ḃruinneal! ḃí lá ar ní ċuirfeá
Mo ċáin ó Ḋoire go h-Éirne;
Is í'n stáid ~~beiḋeaḋ~~ ḃíoḋ orainn, bróga árda ar buclaiḋe,
Ní áiríġinn culaiḋ ṁaiṫ éadaiġ.
Ṡáruiġ tú orm, 's gráin gaċ duine orm,
Mná na cruinne go d-tréigfinn;
Is truaġ naċ ḃfuil mé 'san teampull cupla,
'S mo ċáirde a filleaḋ, ~~'s iad buadarṫa~~ go tréiṫ-lag.

Ḃí a píob 's a malaiḋ ar lí na h-eala,
Níor snaoim píaim mailís a deunaiṁ,
Ar a gnaoi com maiseaċ le réalt an Earraiġ
An dá ċíċ geala a ḃí i n-a brollaċ
Ar a ciab mar ċleite an ḟéiċ, duiḃ.
Mar ḃeiḋeaḋ sruṫ sneaċta na h-aon-oiḋċe.

Ṫainig an caoiṁ-ḃean go colḃa mo leabṫa,
Ċuaiḋ sí a' dearcaḋ fí mo ~~láinne~~ éadan;
Nár ḃ'aoiḃinn mo aigneaḋ aċt í ḃeiṫ i ngar dam
Dá mḃíḋinn 'na h-aice mar ċéile.

Atá géug na finne air ṫaoḃ an t-sonais
  'San taoḃ a ḃfuil sí de Ġársín.
Tá méid mar duine innti, sgéiṁ ás sonas,
  Na ḋiaiġ sin miotal is áilne.
Ta deud ás deise aici, mein ás maise aici,
  'S gur ḃí ċuir maise air na mná 'ls;
Nár ḃfearr dó'n ḟile a ḃeiṫ a fuireaċt
  le n-a sgéiṁ a ḃronnaḋ air Ṁáire.

## Air Ḃás Cailín Óig. Fonn:- "Tádg Ua'Néill."

Ḃí me ṡíos i Málum, 'nuair ċuala me an ġáir seo,
Ás ṫug mé pása, go d-tigim aníar,
Go d-tugaim comairle dó'n lánaṁain an ḟoiġde do déanaṁ,
Ás go ḃfuiġeaḋ siad sásaḋ i n-deireaḋ a saoġail.

Air ṫeaċt dam i laṫair, ḃí'n ċónair air lár ann,
Ċoṡgair mo náḋúir, mo ṁisneaċ, 's mo ċroiḋe;
Ḃí an crónaire Gallda ag cur tuairisg a ḃáis
'S gan a ḟios caiḋé'n fáṫ, aċt ag líonaḋ an dlíġe.

Nac tobann an cás ṫáinic air Sigín Séamuis Andrais.
'Nuair d'éiriġ sí i n-áirde ins an leabaiḋ 'na suiḋe,
Nac d-tuiḃriaḋ an bás leaṫ-uair aṁáin dí,
Go d-táinic sagart na n-gras 's gur ḟreasdail sé í.

Nac aoiḃinn dó'n ṗáisde mar ċuaiḋ sí go Parrṫas,
'S go ḃ-fuil sí aig Máire 'na suiḋe le n-a taoiḃ;
Na h-ainglé d'á gárdáil 's na pollaiḃ gaċ áit ann,—
Is meunna dó'n láṁaiṁuin gur ól siad a sġean.

Nac í Mairġreaḋ a ḃí cráiḋte 'nuair a ċonnaire sí'n gárda
Ag cruinniuġaḋ as gaċ ceárn ag coṁóraḋ a síġín,
Ás nac raiḃ planncṫa ins an ġarrda buḋ deise ná Máire—
Gaeḋealaċ no Gallda — d'á raiḃ ins an tír.

Tiocfaiḋ an lá i n-béiḋ an saoġal air a sgánnraḋ,
Agus ċífiḋ siad mo Ṁáire i n-a culaiḋ go fíor,
Ag tabairt molaḋ dó'n Árd-ríġ a ċuġ ins an áit í,
'S gur ḟulaing Sé an páis gur ḟuasgail sé í.

Ní'l aon ṁaiṫeas d'á deárn sí nac deaċaiḋ ins na sgálaiḋe,
Ás ní ḃ-fuaras aon ṁeadacán buḋ taiscṫiġe 'ná í;

Aṡ tá aoiḃneas i bPárrṫas naċ ḃfuil fáṫ a ḃeiṫ tráċt air,
'S naċ fearr dí ḃeiṫ ann sin 'ná ḃeiṫ air an t-saoġal.

# Buaċaillí na h-Albana.

Fonn:- "An t-Antelope."

Mo ḃeannaċt leis na buaċaillí a d'imṫiġ uainn ṫar sáile,
A d'fág an ċulaiḋ déas agam le dul amaċ 'un dáile;
Cóta mór go talaim agus ḃeiste de'n t-síoda láidir,
Brístí bí 'san ḟaisiún agus bróga de'n leaṫar Spáinneaċ.
Ó! hóró, mo ġráḋ na buaċaillí, Na stócaiġe aerac, aoiḃeamail,
Na diúlaiġe luġaċa, soineannta, Na gaisceiḋiġe cróḋa, croiḋeamail!

'Nuair a ċíḋim an ḟairrge ġarb 'se mo ċroiḋe a ḃíḋeas sgáinnte
A' smuaineaḋ air Niall 's air Donnċaḋ mar ḃí siad ann na báḋaiḋe;
Aċt guiḋimse Ríġ na n-Aingeall ó's Tú ḟosguigeas an ṗlánóid,
Go leigiḋ Tú slán na buaċaillí gan ċontabairt ṫar an sáile.

Sé'n sgeul a fuair me as Albain, - ní raiḃ se ann mo ṡáraḋ,-
Gur pósaḋ ar g-cuid buaċaillí ag cailíní 'san áit sin;
Cá n-é nar ṁaiṫ liom aca iad dá m-beiḋeaḋ siad ann mo ṡáraḋ
Aċt cailíní na Galaiṁ ní h-iad an dream is fearr iad.

Naċ é Doire-le-Conaill atá gan ċuideaċta 'nois aig
teaċt an áirnéil,
Ó d'imṫiġ uainn na buaċaillí a ḃí aeraċ, aoiḃinn, álainn;
Ḃí ór buiḋe go fras acú 'gus airgead 'na ṁámaiḋ
A's ḃí croiḋe acú le na ċaṫaḋ mar ḃí'n ḟéile leo ó nádúir.

Tá aoiḃneas a n-Doire-la-Conaill naċ b-facas riaṁ 'san
áit seo
Tá tobar aig Naoṁ Conall ann agus míorḃuilṫí dá réir sin;
Tá cuaċ 's traeġna 'seinm ann a's torṫa breaġṫa 'fás ann,
'S tá dúil agam nar ṗeacaiġ siad ó baisteaḋ iad 'na b-páistí.

## Stocaiḋ na Báinníoġaine.

### Fonn:- "Garraiḋe Ṗortláinge."

A Ríġ, caiḋé'n t-áṫruġaḋ a ċídim ins an áit seo
Ó stadmuiḋ de'n ċárdáil, de'n ḃirreaḋ,'s de'n t-sníoṁ'!
Ní'l taċrán nó páiste a ḃfuil tógbail a láiṁe ann.
Naċ ḃfuil giomadán Báinníoġaine cróċta air a taoiḃ.
Air m'ḟírinne, b'ḟeárr liom dá n-ḃídinn mar na mná sin,
'Ḃeiṫ a' birriuġaḋ's a' cárdáil ó ṁaidin go faoi.
Ná'n maoiḋeaṁ atá aig Máġnus go g-congḃaiġṫear an snáṫaḋ,
'S ag iarraiḋ 'ḃeiṫ a ṫásaḋ i n-deireaḋ an ṡaoġail.

Tabair sgéul soinns' air Ṁac Páidín ag míniġ an cás dó
Gan ċlaonaḋ, gan áidbhéil, act mar tá mé dá ċur síos,
Mar d-tugaiḋ sé páirde níos mó ag an t-sná uaḋ,
Naċ b-feicfear go bráṫ sin dul ċuige arís.
Ní mór leis na sáltaiḋe 'ḟáġail go daingean le gáisín,
De sompla dá snáiṫe gan ċasaḋ, gan bríġ;
'S má táṫar d'ár g-cáineaḋ air son na d-trí snáiṫe,
Ní féidir an Bháinríoġain le seasaḋ dó'n tír.

'Sé saoilim, a Ṁághnuis, gur níḋ é tá náireaċ
A bheiṫ 'loċtuġaḋ na mná seo 'san ċás naċ bhfuil fíor,
Nó bheurfainn mo láṁ duit, nó ṫoċairt mé a lán de,
Naċ seasainn séin t-áirmuġaḋ mar ta tusa a ṁaoiḋeaḋ.
Dá m-béiḋeaḋ a ḟios ag an Bháinríoġain an t-ánro ḟágas mná
boċt,
Tríḋ sléibhte dá g-cárnaḋ le fearṫainn 's le gaoiṫ,
'Na suiḋe go d-tí'n lá, 's iad a síor-ċur an t-sná sin,
'S naċ n-órduiġeann a b-páirde doiḃ codlaḋ nó biaḋ.

Bhréagaċ ṫu, a Ṫáilliuir, níḋ is doiliġ liom 'ráḋ leat,
Órduiġeann a b-páirde doiḃ codlaḋ 'gus biaḋ,
Nó bhí go leor de na mná sin a bhí réiḋ 'un a ṁála,
'S ó ṫoisiġ an Bháinríoġain tá fuil ann a n-giall.

Má ċíḋ tu air ṡráiḋ iad tá gúnaiḋe a's séaltaiḋe orṫu,
Síos le n-a sáltaiḋe, rud nár ċleaċt siad ariaṁ,
Agus luaċ na min-ċáirde 'bí síte le páiṫe,
Ḃuḋ ṁaiṫ acú 'n Ḃáinríoġain le cuiḋeaḋ a díol.

Níor ċualas ag tráċt iad air ġarsanas riá,
Nó go d-tainig na preácaiḋe 's gur stad an ṁin-ḃuiḋe,
'S dá maireaḋ an ċáirde mar ḃí sí 'san áit seo,
Ḃéiḋeaḋ cairt air a g-cnáṁa nár ḃ-féidir a níġe.
Ní lúbṫaċa air lár atá órduiġṫe dó'n Ḃáinríoġain,
Mar ċleaċt siad, a lán acú, i d-toiseaċ a saoġail,
'S má ṡaoileann siḃ gur árdḃeil atá mise a ráḋ liḃ,
Ḃíḋeaḋ fiaḋnuise an ċáis sin air Séamus O'Ḃaoiġill.

## An Ċaora Ḃeag Dílear.

Fonn :- Ḃrian, a Ṁuirnín."

A ċaora ḃig dílis, fan ṡuas go cionn míosa;
Ná ḃí ṫusa ag slugaḋ an ġeaṁair gaċ lá;
Óir cuirfear ón t-saoġal ṫu, béiḋ díoġḃáil do ḃíḋ ort,
Ná dein ṫusa an níḋ sin a ċuirfeas ṫú'n báis.
Ní ċoḋlaim 'san oiḋċe aċt ag osnaḋ 's ag smaoineaḋ
Go m-béiḋ tu 'san ṗríosún faoi ċostas a's ċáin;

'S a ċaora bíḋ dílis, nać truaġ duit an níḋ sin.
A ċuirfeas an snaiḋm ar do sgeadamán bán.

An Ċaora:- "Bannaiḋeaċt a ġlac me, faraor, dóḋ ċoṁairle!
Ní ġlacfaḋ níos mó de," 's e dubairt sise liom,
"Tá m'uainín gan deoċ, a's ní béiḋ agam deor dó
Mur b-fáġaiḋ mise cead a beiṫ ṫríḋ a bfuil ann.
'S a Ċeallaiġ, a stóirín, ná ceangal i rópa mé,
A's cuirfiḋ mé cóta ort béiḋeas deas ar do ḋruim;
Ná cuiriġiḋ 'n tóirniġ me 'nois go d-tí 'n Fóġṁar
'S ní laiġde do ḃur nḋóirnán mo íoc-sa beiṫ ann."

"A Ṗeadair Ui'Ċnáiṁṫíġ, mo ḃeannaċt go bráṫ leat,
'S cuir brocaiḋe na h-áite so suas go Sliaḃ Ruaḋ;
Preáċaiḋe nó gráinín ní féidir a ṡábáil,
Mur g-ceangalfaiḋ a g-cnáṁa 's a g-cur ins an uaiġ.
A Ṡeaġain Mac-a'-Báird 'nois ma beiġeann tu 'n a ḃráiṫre me,
Béurfaiḋ me páirt duit d'a ḃfuil ar mo ḋruim
Béurfaiḋ me sgríbinn duit i b-peann a's i b-páiṗeir
Nać dtéiḋim go bráṫ ṫar an t-srúṫainn anonn."

"A Ṁícíl Uí Ċárlaig, ar róṁar tu'n gárrda?
  An ḃfuil tomóg nó gráinnín a ḃogaḋ aníos?
Mo ṁallaċt go bráċ air an tulaċ bíos árd!
  Ní ḃíonn uirri aċt ciaplaċ 's tomógaiḋe fraoiċ"
Ann sin ṫug sí rása anuas ó na h-árdáin,
  Isteaċ 'un na bráisceann go n-deárn sí a cuairt,
Ḃí Mícéal go fáilliġe i g-coinneul an ġarrda,
  A láṁ i n-a lonnraiḋ 's greim air a cluais.

Marḃ sé mo ċaora 's ġeárr sé a sgórnaiċ,
  Ḃain dí a croiceann 's sgiall sé a cnáṁ';
Tá a h-uainín a' meiḋlíġ ag íarraiḋ a ṁáṫar,
  Ag cuartuġaḋ na bráisceann, aċt níl sí le fáġail.
Broċ-ṁaṫ air an ġaduiḋe a ṁarḃ mo ċaora
  'S d' fág ṫú do ḋíleaċt, a uainín big ḃáin!
As mo ċaora beaġ ḋíleas gró gur cruaiḋ iad na sléiḃte
  Is mairg nár ḟan tu air na tulaiġiḃ tá árd.

# Ceisḋ an Ċúil Doinn.
## (ó mo Ṁáṫair).

'Nuair a éirġim-se suas bíḋeann tuaim na meisge 'nn mo ċeann,
Aṁaircim uaim fá ṫuairisg an baile udaiḋ ṫall
Tuiteann mo ġruag anuas 'nna tuille le mo ċeann
Ó ṫug me gráḋ buan dó'n scuaiḋ-bean, Ceisḋ an ċúil doinn.

Air maidin Dia Máirt bí ádḃar mor tuirsa agam féin,
Bí an sruġ air an ċlár ás é lan ó sin go dtí 'n beul;
le gaċ cumann 's gaċ gráḋ 's gaċ páirt d'a raiḃ eadrainn ariaṁ
Mo ċúig míle slán leis an dá láiṁ a bí ṫaram 's naċ m-béiḋ.

Naċ cuiṁin leat an oiḋċe bí me ás tu, ainnir na g-ciaḃ,
Ar suiḋe ann sin a' ṡnaoċ 's a' saoġal ag dul ṫarainn aníar!
Gó gur milis an fíon is claoiḋte bíḋeas duine 'nna ḋiaiġ,
Bí do ṫeaċtaire críonna 's faraor bí mise gan ċéill.

A ṁaiġd na saiġead, tá me réiḋ le céileaḃar ban óg,
Glóir mór dó'n Ríġ níl mo spéis i n-imirt nó i n-ól;
Mo ṁallaċt go h-éug dó'n té a ḃain dam mo stór,
A d-fág me liom féin gaċ aon oiḋċe 'sileaḋ na n-deor.

'Nuair a ṫéiḋim-se síos bíḋ míle fáilte roṁam,

'Nuair a ṫigim aníos bíḋ mo ċroiḋe 'stiġ lán de ḃrón,

Ó ḋoċtúirí an t-saoġail ní ḃéiḋeaḋ léiġeas agam le fáġail

'S gur eiḋir a dá ċíċ ḃéiḋeaḋ mo ċroiḋe 'na ċodlaḋ go sáiṁ.

Casaḋ dam ríoġain síos ag lios Ḃaile-an-tSráiṫ'

D'fiafruiġ me féin di an sgaoilfeaḋ glas air ḃíṫ gráḋ,

Labair sí liom go caoiṁeaṁail, mín, macánta, tláiṫ,

"Ma ċuaiḋ se fá'n ċroiḋe, ní'l sgaoileaḋ air go lá an ḃráiṫ."

## Braon an Óil.

Fonn:- "Sean Éire Óileas."

Buḋ ċleaċtaċ liom ó rugaḋ me ár mo ṁuinntir i b-faḋ roṁam

I d-talam glas na h-Éireann ḃíḋeaḋ agam punch go leor;

Níor ṁill sé ár níor ṁarḃuiġ sé 's níor ġortuiġ sé mé go foill,

O ṫug Bácus Mór go maiseaċ cóir cead dúinn braon a ól.

Ní'l me 'caint anois fá'n ċrúiscín lán,

Nó meisge air biṫ de'n t-sórt,

Aċt an nádúir breaġ 's an ġeanamlaċt

Tá leis an braon an óil.

Tá leis an braon an óil 7c. Tá le linn an braon an óil.

Tá cuimne agam ar m'aṫair agus fosda ar m'aṫair-mór,
Agus seandaoine an ḃaile i g-cuideaċta 'n t-aos óg
Laeṫe saoire, aonaiġ, 's margaiġ, buḋ taitneaṁaċ liom an gleo
Ḃiḋeaḋ acu teaċt a ḃaile díoḃ i n-diaiġ a m-braon a ól.
Ní'l me caint anois, 7c.

Do ċualas trácht ar ṡaoiṫaiḋe dul isteaċ go teaċ an óil,
Leis an n-gaḃa 'gus an táilliúir go comportaċ le n-a stór;
A m-béiḋeaḋ dúil agat dul i g-cleamnus le cailín deas na m-
h beag an sásaḋ ġeoḃṫá go m-beiḋeaḋ agat braon le h-ól.
Ní'l me caint anois, 7c.

Seo sláinte dó mo ṁuinntir agus sláinte dó mo ġráḋ
Sláinte dó na comursanaiḋe i g-cuideaċta mar tá;
Sláinte dó na h-Éireannaiġiḃ, beiḋ saoirse acu go fóill
A's ní ḃeiḋ ann lá cainnte fá ḃraon beag díġe a ól.
Ní'l me caint anois, 7c

# Mo Ṁuirnín Bán.
(ó'n "Ġaoḋal")

Oiḋċe ḟéile Bríġde agus me go h-aoiḃinn
  Ag an tórraiṁ síos ar an Ṁullaċ Bán,
'Se ċonnairc-sa an ríġ-ḃean a ċrádhuiġ am' ċroiḋe me,
  Do ḃí sí banaṁail, deas, álainn, óg.
Budh ġile a mín-ċroḃ 'ná sneaċta ar ṫaoiḃ cnuic
  Nó an t-eala is míne ar linn ag snáṁ
'S go ḃfuil mo ċroiḋe-se 'nna míle giota
  Mar naċ ḃfáġaim cead éulóġaḋ le mo Ṁuirnín bán.

Ní ar an ċnoc is airde a ċoṁnuiġeann mo ṁaoin-se,
  Aċt i n-gleanntán íseal ar a ḃfásann feur;
Ann a m-bideann lóċain-ḟiadain agus bric ar líntiḃ,
  Cruiṫneaċt caoirdearg agus coirce bán.
Labrann an ċuaċ dá uair 'san mí ann;
  Ta ruaircean aoiḃinn ann gan ċáin;
Bidid na beaċa críona i n-gomarcaḃ aoise,
  Agus mil d'a ṫaosgaḋ aca dom' Ṁuirnín bán.

'S a rúin 's a stóirín anois má ġeobair liom
Béiḋ roġaḋ an eolais agam ar éuloġaḋ leat,
Agus naċ ḃfuil tráṫnóna nó maiḋin reoiḋte,
Naċ tú an reult eolais a ḃeiḋeaḋ lem' ais.
Ag siuḃal na mbóiṫre agus na coillte ró-ġlas,
Ás ar mo ċroiḋe astiġ ní ḃeiḋeaḋ an brón,
Ag dul am' ṗósaḋ le bláṫ na h-óige
Agus mo láiṁ go moḋṁarach ina brollaċ bán.

Da mbeiḋeaḋ ḟios agam naċ tú bí i n-dán dam
Ní ḃeiḋinn go dána, ás ní euloċainn leat,
Gíḋ go ḃfuil mo ċroiḋe 'stiġ líonta de ġráḋ duit
Ás tá na táirnigiḋe i g-cruiḋeiḃ na n-eaċ.
'S a daoine ceanna naċ mór an truaiġ mé
Agus naċ é an ċuise magaiḋ mé,
An té buḋ ġile liom, ás ḃí seal d'a luaḋ' liom
Gur fada uaimse a ċoiṁnuiġeann sí.

## An Bóiṫrín Buiḋe.

Ḟonn:- "An Coċéad geal."

Ta me tinn agus níl me slán, Níl am áit go g-coiṁnuiġeann
An croiḋe sin mo lár
Ag cuiṁniuġaḋ air an uair ḃí me 's mo ġráḋ Guala ar ġualainn
Agus láiṁ ar láiṁ.

Ċuaiḋ me ṡiar an bóiṫrín buiḋe Ar ṡúil go bḟeicfinn rún mo ċroiḋe,
Buḋ dearg í a gruaiḋ's buḋ ~~geal a dá cíoċ~~ dearg a gnaoi Ag seolaḋ na m-bó
'S ag dealuġaḋ ~~an~~ na laoiġ.

Go n-deárfar síos dóib t-sruṫ go ṡiar luaċair glas dóib
faiċniġ ċríon
Fáisceamnaiḋe bána do ḃarr an ḟraoiċ Fáinne do do ġráḋ-sa
ní ḟágfaiḋ mo ċroiḋe.

Tá tuille 'san a ḃainn seo nać d-tráiġeann go lá
Tá ruinniḋe ro-ṁór orm nać ḃ-feicfiḋ me mo ġráḋ.
Ta arrainig ann mo ṫaoiḃ, ní ḃeiḋ mé ní beo
Mur d-tigiḋ sise air cuairt ċugam uair nó ḋó.

Ólam, ólam, ólam dram, íocaim, íocaim, íocaim dá ċeann.
Ta sgillinig air an ḃeoir agus feoirlinig air an lionn
'S cia fearr le Dia do ċoiṁnuiḋe tu na culóġ liom.

'Sa Ṁuirnín Dílis. (as leaḃar)

Ba ḋuḃaċ an lá úd do sgaras lem' stóirín,
'Sa ṁuirnín dílis, Eiḃlín óg!
Ḃí briseaḋ ar mo ċroiḋe 'nuair ṗógas a deora —
'Sa ṁuirnín dílis, Eiḃlín óg!
Ba ḃán a mín leaca ar mo ċliaḃ mar an lile —
A láṁa ba ḟuar mar druċt oiḋċe ar sleaḋ,
Do smuaineas naċ ḃfeicfinn go bráṫ, bráṫ a gile,
'Sa ṁuirnín dílis, Eiḃlín óg!

Óir b'éigin dam seolaḋ, mar saiġdiúir, lé'r ḃfearaiḃ, 7c.,
B'éigin óm' stór dul a ḃfad tar na maraiḃ, 7c.,
Gluaisid ár sluaiġte, go beoḋa ag glóraḋ,
Tráċt ar a g-caṫ 'sa roinn de'n ċreaċ órḋa,
A's mise dubrónaċ, duḃċroiḋeaċ, faoi ḋeora, 7c.

Ar do son-sa a Éire! is fada do ḃuaileas, 7c.,
'S ar son mo stóirín mo ṗáiḋe do ṫáḃálas, 7c.,
Ṫáinig an t-síoṫċán, ár saoṫar ḃí críoċnuiġṫe —
D'ḟilleas ċum m'annsaċt le suaimceas suas lionsa;
Ono! fuair me mo rún-sa tré ḃrón 'san uaiṁ sínte, 7c.

## Coṁairle do Ṁac mo Ċoṁursana.

Fonn:- "Tá mise air ṡiubal go Baile-Ṡéuplair."
(ó Eoin ODoṁnaill, Rann-na-Feirsde.)

A Ṡeaġain, a ṁic mo ċoṁursan ma tá tú dul a ṗósadh,
Seo nídh nár ḋubairt me fós leat, téid go Suiḋefinn;
Ġeoḃaiḋ tu airgead a's ór ann a's matchamuiḋe go leor ann,
Ba ṁinic cailín cóir ann nac n-deunfaḋ troid nó bruiġin.

Fearsda bí air do ġársda a's sinn 'g-ceart do ċársdaiḋe,
Mar g-casfaiḋe ort act páistí de ċailíní 'na suiḋe,
Bí ag greann 's ag spáinnel 's ag brúġadh isteaċ 'san ċárnán,
'S is gearr go m-beiḋ tu ag áirneán, raċfaiḋ mise faoi.

Is deas an rud déaġ-inntinn a beiṫ ag bean go cinnte,
Sin agus na ruinncí a beiṫ go maiṫ 'san t-saoġal;
Act i g-cúrsa árdeóig ninniġ nac d-tabairfeadh duit rud
ṡinnis
Is deacair d'áirió sinnsir ma ġreamuiġ'inn tu dó'n t-sraoill.

Ma ṗósann tusa an báirseaċ beiḋ áiḋbeil do ṡáit ort
Beiḋ do ṁalaiḋe gearrṫa 's gur do ċreadh a' deunadh braon,
Act congbaiġ ṫusa 'n drawers ort, 's ná taḃ'r an péire 's feárr dí,
Nó béarfaiḋ saoġal gearr ort, raċfaiḋ mise faoi.

Má ṫeiḋeann tu go tiġ an ósda tabair isteaċ ag ól í,
Cuir 'na suiḋe air stól í 'gus do láiṁ faoi na cuim;
Má ṫeiḋeann tu seal d'á treoruġaḋ ṫart le claiḋe 'n teórainn
Dúblaiġ léiṫe an córus 'nuair a ḃlaisfas tu an braon.

Is deas é do ṫeaċ cóṁnuiḋe, tá'n sonas ann i g-cóṁnuiḋe,
Tá airgead a's ór ann 's tá'n talaṁ díolta saor,
Tá na beiṫiḋe seólta air maidin a's tráṫnóna,
A's tiġ leat a dul ag ól 'nuair a ḃeiḋeas an t-arḃar daor.

Cuireaḋ (as "Irisleaḃar na Gaeḋilge")
Fonn:- "Cailín deas cruiḋte na mbó."

Tá'n ġealaċ ag scaraḋ a glóire Air ḟairrge, sliaḃ agus sliġe,
'S a Máire, a Máire, an cóir é ḃeiṫ dúnta mar tá tu a stiġ?
Ó, éiriġ, a Ṁáire ní Ċuirnín, Tá'n sean-ċlog ag bualaḋ an naoi;
Ó, éiriġ óḋ' ṫúirne, a ṁuirnín, 'Gus tar liom, a stóirín mo ċroiḋe.

Tá na reulta i m-bóġa mór neiṁe Ag sniġeaḋ 'nuas orrainn anoċt,
'S má táim-se faoi ġruaim no faoi ḋuiḃe Ní h-ormsa aċt orra an loċt.
Ó, éiriġ, a Ṁáire ní Ċuirnín, A's feuċ air ġlan-reultaiḃ na h-oiḋċe,
Ó éiriġ óḋ' ṫúirne, 7c.

Mar seodaib tá'n drúċt air an talaṁ Is fliuċ atá féur agus bláṫ;
Aċt is tirim, is tinn, 'gus is follain Tá mo ċroiḋe-se gan fliuċaḋ
do ġráḋ.

O, éiriġ, a Ṁáire ní Ċuirnín, Níl seod air an talaṁ nó faoi
Coiṁ dealraċ le d' ṡúilib, a ṁuirnín, O, tar liom, a stoirín mo ċroiḋe.

Tá aoibneas air nádúir go h-uile Tá gáirdeas a's greann air gaċ taoib
Tá bronntanais Neime 'ga sgleaḋ, 'Gus tusa mar sclábuiḋe ag sníoṁ.
O, éiriġ, a Ṁáire ní Ċuirnín, Ní órduiġeann Dia nó'n dliġe.
Síor-ṡaoṫar do Ċríosduiġe, a ṁuirnín, O tar liom, 7c.

Tá óige an baile ag cruinniuġaḋ, Tá'n fidléir ag seinm go binn;
Tá deireaḋ le foiġde gaċ duine 'S iad fad-uair ag fanaṁaint linn.
O, éiriġ, a Ṁáire ní Ċuirnín, Ní rabair ag rince le mí;
Oċ, fág do ṡean-tuirne, a ṁuirnín, 'Gus tar liom, 7c.

Mo ṁallaċt gaċ lá a's gaċ oiḋċe D'ón fear rinne an ċéad tuirne-mór,
Go raiḃ se gan suaimhneas a ċoiḋċe 'S gaċ deaṁan 'san doṁan air a ṫóir.
O, eiriġ, a Ṁáire ní Ċuirnín, Níl dreaċ do ċaoiṁ-ċroṫa mar bí;
O, éiriġ ód tuirne, 7c.

Tá'n ġealaċ ag soillsiuġaḋ go lonnraċ, Tá réulta na h-oiḋċe soilléir,
A's réolfad ṫu slán ṫar an ċonnlaċ, Ma's trom leat an drúċt air an féur

O, éirig, a Ṁáire ní Ċuinnín, Ní trócaireaċ; éist le mo ġuiḋe,
Oċ! fág do ṡean-tuirne, 7c.

## Slán, slán go deó!

Fonn:-"File an Stáirre."
(ó "Irisleabar na Gaeḋilge")

Ṡíos air an ċladaċ tá an long ann d'á líonaḋ,
 Is caiṫfiḋ mé sgaraḋ fá deireaḋ, a stóir!
Tá'n adarc mór d'á séideaḋ, 's na seolta d'á sgaoileaḋ
 Is béiḋ mé gan moill air an ḟairrge mór.
Dá m-béiḋinn-se 'nois sgaoilte do sgarfainn mo náṁaid,
 Acht sgaoileaḋ no sgaraḋ ní féidir, faraor!
Is ní fada go m-béiḋ mé air eudan na mara
 Ag fágbáil mo ċáirde, mo ċró, 's mo ṫír'
 Slán, slán go deo leib, a ċnuic glasa Éireann
 Slán le mo ṁuintir, 's slán le mo ċró,
 Slán leis na coillṫib 's le ceol deas na n-eunaċ
 Slán, slán mo ṫír féin, slán leat go deo!

A ṁaṫair, a stóir, tá mo ċroiḋe buaḋarṫa brónaċ,
 Naċ truaġ do ṁac boċt, d'oiḋċe 's do ló 7c
Gan cara, gan cuṁann, gan caḃair, gan cuiḋeaċ,
 Gan aon duine aṁáin, do mo ṁuintir níos mó.

Aċt bídeaḋ agam mo náṁaid, ní ḟeáirrde dóiḃ aon níḋ;
Béiḋ buaiḋreaḋ a'r brón ann go deireaḋ an t-saoġail,
Slán liḃ go h-iomlán a'r slán liḃ a ċoiḋċe,
Slán, slán go bráṫ liḃ, mo ṫír a'r mo ġaoil.
Slán, slán go deo liḃ, ⁊c.

## Aṁarc Tobann.

Fonn:- "Cailín beag deas air mo ġlúin."

Do ḃí mé 'baint coirce inde a'r ag ceangal na bpunann go dlúṫ;
A'r a ṁuirnín! ba taiṫneaṁaċ é an lá sin ó ċonnairc mé ṫú.
Ḃí an ġrian geal ag lasaḋ san spéir a'r gan coinnlín d'á luasgaḋ le gaoiṫ
Ḃí fuiġleaċ an ḋruiċt 's an ~~[illegible]~~ ḃfeur ḃí an loċ ann a codlaḋ 'na luiḋe.

Ḃí an ṁaiḋin go ciuin a'r go geal agus b'eudtrom, oċ! b'eudtrom mo ċroiḋe,
Lúṫġaireaċ a'r aerac le seal, óir ċonnairc mé, ċonnairc mé í.
Do ċuaiḋ sí ṫairm mar ala, mar peult do ċrom sí a ceann
A'r ḃí sí an moimeid sin falaiġṫe' air ċúl an ċloiḋe árd do ḃí ann.

Do ḃí sí mar ḃáidín breaġ seoil go h-eudtrom ag snaṁ' leis an ġaoiṫ,
Níor ḋuḃairt sí aon ḟocal aċt ceol a'r d'fág sí ag damhsa mo ċroiḋe.

Ċuir sí mo ṡrionad ag gáirriġe ar d'ḟág sí ag sgrisead mo ċroiḋe
Mo ṡúile 'ga leanaṁaint 's 'ga faire ar a Ḋia! go gcúiṁdiġ Tú í.

An Craoiḃín Aoiḃinn.

## Caṫal Buiḋe. (ó Eoin Ó Doṁnaill, Rinn-na-Feirrste).

Fonn:- "Bean ḟear-uasal ḃairinṫ ar Éirinn."

"A g-cluin tu me, a ḃean udaiḋ a ċanas do ċuid bríaṫra beaċt,
Ní'l mo ċroiḋe folláin ar leanainn dam go síorruiḋe an tart;
An uair a ċíḋimse na gloinní ainnse an ḟuinneoig uaim asteaċ,
Is é a deirear mo ṁuinneal buiḋe "is cneasta a d'ólfainn deoċ."

"A g-cluin tu mé, a Ċaṫail Buiḋe, 's an bás ag feiċeam fá do déin,
Ní ṫig leat a dul 'un sgáinn leis nó é ḟágbail air ṁuir de léim;
Ní ċongḃóċaiḋ bean an tábairne beo ṫu le n-a cuid bríaṫra beaċt,
Gomruiġ air an Árd-Ríġ 's ġeoḃfaiḋ tu párdún ~~[illegible]~~ 'tan am le ṫeaċt."

"Mar air ṁaiṫe liom a tá tú ann a n-deárn tu de ċoṁrad ċaoin
Tabair aon buideal aṁáin dam 'gur glacfaiḋ me do ċoṁairle airís:
Nó go n-ólaiḋ me sláinte luċt pacáin gur dreoimlair an t-saoġal
'S ḃéarfaiḋ me go Doṁnaċ Cáisg duit i d-tiġ na tábairne
naċ n-ólam braon."

"Is truaġ boċt an ċneaṁuint ó ár gcrinneaḋ tú i d-tús do ṡaoġail.
'S gur ḃ'annsa leat an ṁeisge 'ná mise 'gus do ṗáistí díle;
Ní ḋéarn tu tuiscíun de ċroiḋe de ḃárr do ṡaoġail,
'S an lá a ṫiocfas an bás ort cia ċuirfeas ort comnáir ċaol."

"Ní ṫabairfiḋ mise fáṫ dó mo ṗáistí a ḃeiṫ a racáin no a ḃruiġin,
Acht a m-beurfaiḋ mo dá láiṁ air cuirfiḋ me annsan díġe;
Ag dul siar Baile an Teampaill daoiḃ biḋeaḋ troimpa agaiḃ; fidiol, a's píob,
Ólaiḋ mo ṡláinte an lá sin 's na tugaiḋ damsa braon."

"Coinġbaiġ ṫusa le do dá láiṁ, a Ċaṫail Ḃuiḋe, 's ná caiṫ níos mó,
'Gus dearc air do ṗáistí mar tá siad lag, meiṫte, gan treóir;
Is gearr, goirid, an bás uait 's ní ḋéarn tú sṁaiṁ croiḋe nó stór,
Agus ní ċaoinfiḋ aon ṁac maṫar ṫu an lá sin a raċfas ort fód."

"Níl am air biṫ is fearr a's is cráiḃṫiġe d'á mbiḋim ann 'san ḃliaḋain,
'Na an uair a ólam mo ṡáiṫ biḋim ag gárṫaiġ 's ag sgreadaiġ air Ḋia;
An uair naċ m-biḋeann cárt dén díġe lán agam teasduiġeann go mór mo ċiall
'S deantar croiḋe cruaiḋ ann mo lár mar ċárn mór cloċ air an t-sliaḃ."

Agallaim an Rataċáir agus an Uisge-Beaṫaḋ.
(Ó Ḟiṫreur)

I.

A ċompáda dílis ár ċaiṫ me mo ṡaoġal leat,
A's dar m'fírinne, ṡaoil me bí creasda,
O! is iomda sin oiḋċe a bí me leat sínte,
'S me caiṫte air mo ṫaoiḃ ċois an ḃalla
Air ċomairle na ríoġaċt ní sgarfainn leat ċoiḋċe
Gur doiġ tu mo ġruaiḋ a's mo ḃáṫais,
Is an oiḋċe Dia h-Aoine, lá aonaiġ Cille-Ċríost
Ag seinnim ag tiġ Ṗáidín Mic Cárṫa.

II.

Seaċtṁain go sríaclaċ faoi ṫinneas a's ṗiantaiḃ,
A ċaiṫ me i d-tiġ Tom Glynn air mo leabaiḋ;
Am' luiġeas gaċ aon oiḋċe a's air maidin arís,
A's nar laġaduiġ Dia dílis mo ċáirde.
Gealladh le fírinne ḃeirim do Ċríost
Go n-diúltoċaiḋ mé d'ól uisge-beaṫaḋ,
'S go ḃfuil fios ag an t-saoġal naċ le dúil ann a ḃidím
Aċt le gráḋ do na daoiniḃ an m'aice.

III.

Is deas an rud bealaċ ag fear maiṫ a's gabaltuir
Cruiṫneaċt a's eorna le gearraḋ,

Min agus an ċompa 's teine tráṫnóna,
'S bíḋion d'ḟear boṫair 's bealaiġ.
Léine 's cóta aig an Aifrionn Dia Dóṁnaiġ
Hata 's bróga ins an ḟaision,
Saoilim-se, bar ndóiġ, go m-b'ḟearr sin go mór
'Ná 'g-ṁisceaċt 's ag ól uisge-beaṫaḋ.

IV.

Feudaim-se 'ṁíniuġaḋ mar ċaiṫ me mo ṡaoġal leis,
Ó baineaḋ an ċraċ díom am' leanḃ,
Gur ṫréig me mo ḋaoine, mo ḋáiṁ, 's mo ġaolta,
'S ní sgarfainn leat air ċoṁairle na h-Eaglais
Do sċór, do ṁaoin ṡaoġalta, 's ar socruġeaḋ 'ṡlaiṁ oirt
'S ḟág é gan sgiṫ aig ṁáirḃ-leanna,
Air ċasaḋ ais duit má ḃiḋeann do ṗuirse spíonta,
Ní ḃeiridís braon duit air maidin.

V.

An t-uisge-beaṫaḋ ag freagairt:—
Is fada mé ag éisteaċt ag sgilliuġaḋ na m-bréug ṫú,
'S caiṫfid me fein labairt feasda,
'S a haċtuiġe sin <u>nagur</u> ag iarraiḋ na déirce,
'S gan ceo aige le h-éiliuġaḋ aċt a <u>wallet</u>.
An té ċruinniġeas na ceudta le ċruaḋċean 's díċéille,
'S naċ b-ḟliuċann a ḃeul agus tart air,

Tigeann oiḋċe 'na ḋiaiġ nać leanann d'á ṫréiṫib,
Aċ nać n-géilleann á ḟéidead le balla.

VI.

Is cuideaċta féin me air ċruinniuġaḋ 's air aonaċ
Do'n té ṡuiḋfeaḋ go fial síos am' aice,
'S béaman gaḃa duḃ nó táilliúr nać n-deunfaḋ dam
páirtí
Aċ me a g-cúl barra ins gaċ bealaċ.
Béaman cailín da ḃreaġaċta nać ndeunfaḋ liom gáire
'Nuair leaġṫar air ċlár me 'na haice
Oiḋim aig an ṗápa, aig sagairt, aig bráiṫrib,
Aig máiġistrib léiġinn 's aig banba.

VII. An Rataċán:—

Beacair 's grám ort, is tu labras mío-náireaċ,
Aċ ní beirim-se cáil leat com maiṫ ort;
Mar ċait me mo ḃáta d'oiḋċe 's do lá leat,
Aċ ni ḃeacaiḋ do ċás go ró-ṁaiṫ dam.
Mar ḋóiġ tu clár m'éudain 's barra mo ṁéura
'S air na téudaib ní ḟéudaim a leagann,
'S béaman fear ann san t-saoġal seo a leanas ró-ġeur
ḃíos
Nać bé a ḃualgas sean-eudaċ 's droċ-labaiḋ.

## VII.

An t-uisge beaṫaḋ :-

Luċt caraċtaiġe 's reumaiḋ, 's me ḋéanfaḋ a réiḋteaċ
Gníḋim á léiġeas no go raiḃ a saoġal caiṫte;
A's tá a fios aig a lán air so ċeana;
'S níl duit aċt ḋíṫ-céille beiṫ 'nois do mo ṡéunaḋ,
A's níor ċáin ariaṁ me aċt fear meisge.
Ḋeaṁan gréasaiḋe no táilliur d'a dtug ariam saṫaḋ
Naċ m-beannoċaḋ air an t-sráid dam air maiḋin
Bíḋim aig na ladies, aig sagairt, a's cléiriġ,
A's ní ċreidfiḋ do sgeul aċt fear dona

## IX. An Rataċán:-

Fuair Rataċán sgríobṫa i leaḃar na diaḋaċta
Luċt póite go m-bíḋeann siad 'ga meallaḋ,
Gan leorġníoṁ a ḋéanaḋ a's aiṫriġe 'san t-saoġal seo
Go d-tuitfeaḋ siad daor ris na peacaiḋ.
Ċois sgonnsa nó díge má ċailltear fear ċoiḋċe,
Le linn beiṫ comrádaiġeaċt leat-sa,
Ḋeir beaṫa na Naoṁ gur cairt í dubairt Críost
Go cinnte naċ b-fuiġiḋ se na Flaiṫis.

Allṫaiḋ Ḃeirreaċ.
(ó Ċonall Ó Ceallaiġ, bacaċ ur leitir).

A ṗlúir na m-ban óg is deise dá ḃfuil beo,
Is, a Dé, gan me pósta ó'n cléir leat,
Is neiṁċeadh dá ḃfuil beo go meallfainn mo stór
Dá ḃfágainnse seal coṁráiḋ léiṫe.
A ġruaiḋ mar an rós, a béal tanaiḋ gan bród!
'Sí sgaṫan na Fódla an ṁaiġdean;
Dá m-beiḋeaḋ mo ċairde beo go b-fuiġfinn beannaċt leo
'S go leanfainn mo stór ṫríd Éirinn.

A ḃuinnill gan smúiḋ léir leig mé mo rún,
Naċ d-tuigeann tu an ċúis a ḃuaiḋir me
Is gur tusa mo rún an g-croiḋṫiḋ tu sud uaim
Is go siubalfainn gan ċuṁaiḋ an saoġal leat;
Go Cúige Ṁuṁan is go Ċondae an Dúin,
Is go Corcaiġe na g-cuan dá b-feudfainn
Is a ċuisle 's a rún nár ṫuirseaċ mo ṡiubal
Mur b-feicfinn i d-túis gaċ lae ṫú!

A ċuaċ beag na nGaedeal, má tá tú air do léim,
Go Coillid Dúinnéise anonn uaim,
Tabair beannaċt agus céad uaim go baile na g-cléir,
'S ann a ċoṁnuiġeas sí, geug na b-frainnsiḋ.

Agus sinnt bí féin go b-fuil me 'na déiġ,
Ás go ḃfuil me i b-péin 'na timċioll,
Ás naċ ḃfuil ar an t-saoġal a ḃeanfaḋ mo leiġeas,
Aċt Allaiḋ de ḟréiṁ sgoiṫ Ḃeirneaċ.

## Mailiḋ Astóir.

(Aistriġṫe ón Ḃeurla "Molly Astore" — an fonn ceudna.)
(ó "Fáinne an Lae.")

Ḃí me ag siubal a ċois an t-sruiṫ
Tráṫnóna samraiḋ ḃreaġ,
Na h-éiníniḋe is milse guṫ
Gabail fuinn os cionn gaċ sgáṫ;
Do ṡinneadar a sgéulta grada
Gan tuirse ann a nglór,
Ó grád mo ċroiḋe mo ċailín óg,
Mo Ṁailiḋ Astoir.

Ḃí nóiníniḋe 'gus cumraċt ṁeal Ta bronnta ar gaċ bláṫ,
An gormán ás an bleaċtán geal Ag neartuġaḋ leis an tráṫ;
Tá cumraċt ni do ċliaḃ ċáiḋ ḋil is milse liom go mór
O grád mo ċroiḋe, 7c.

Do ṡuiḋ mé síos ar ḃruaċ 'san ġleann le cráḋ agus briseaḋ croiḋe,
An ḃean d'a dtugas riaṁ mo ġean Go m-beiḋinn i ndí-meas dí.
Go mbrisfeá croiḋe com dílis fíor Ní ceart é a's ní cóir,
Ó ġráḋ mo ċroiḋe, 7c.

Adubhairt tu liom gur ġráḋuiġis mé, A Ṁailiḋ, ċreid mé ṫu;
Ca déanfaḋ aiṫreas ar do ġné 'S ar ḃinneas ċaoiṁ do ġuṫ?
'Sé 'n-iarfainn ar an t-saoġal do ġráḋ Gan toraḋ ó neaiṁ coiṁ mór?
Ó ġráḋ mo ċroiḋe, 7c.

Dá mbeiḋeaḋ d'am féin gaċ caora 's uan Tá 'g ingilt ar an tsliaḃ,
A's eallaċ ar cuirnín agus cluain A' géimníġ le mo ṫaoiḃ;
A ṁuirnín ċroiḋe do roinnfinn leat An t-iomlán 'naċ go teor,
Ó ġráḋ mo ċroiḋe, 7c.

Ḃí péirre colum os mo ċionn Tabairt taiscinní suas ar ġéig:
Rug tnúṫ a's cuṁasdeaċt orm go dian Fá m'aoiḃneas ḃoiċt faoi éug.
Tá'n dílseaċt ud a tugaḋ dam Mo ḃrón! anois faoi ċóir,
Ó ġraḋ mo ċroiḋe, 7c.

Slán leat anois a Ṁairíd, a ċuid, beiḋ dubrón orm a's ceo;
Seo croiḋe fad 's preabfas cuisle ċroiḋ ḃeas dílis duit go deo.
Gíḋ cruaiḋ do ċroiḋe go n-dóirtiġ Dia Sáin sonas ort go leor.
Ó ġráḋ mo ċroiḋe, 7c.

## Teangaiḋ na h-Éireann. (An Creagac)

Tóg suas do ċroiḋe cráiḋte, Éire a stór!
Tiormuiġ do ṡúile, a Éire na n-deor!
Bás a ḟágail ní baogal dó do ṫeangaiḋ, a ġráḋ
Teangaiḋ binn uasal na h-Éireann go bráṫ.
Beurla gan binneas is Beurla na n-Gall;
Coisgfar a glór garb 's fágfar í ṫall —
Splanc le n-a sála as Oilean na Naoṁ!
Oilean na g-coillte glas, Oilean na g-craob.
Teangaiḋ na h-Éireann ní ċaillfear go deo!
Teangaiḋ na h-Éireann coṁ sean leis an ċeo,
Binn-ċeol ár sinnsear a's sólas na ríoġ
Sláinte go ~~deo leat~~ fíor ḋuit, a ċuisle mo ċroiḋe!

Tóg suas do ċroiḋe, tá na mílte 'san ród
A fóġluim na Gaedilge le h-aoibneas a's bród;

A' tógbáil do ṫeangaiḋ 's a' cruinniuġaḋ do ċeoil,
Béiḋ siad faoi meas ann, a ċuisle, go fóill.
Tóg suas do ṡúile 's amharc ar do ċlann
Dearc ṫart andiu orrainn cruinniġṫe go teann
Feasda ní béiḋmid 'nár g-codlaḋ mar bí —
Cúram ar d-teangaiḋ 's cúram ar g-croiḋe.
Teangaiḋ na h-Éireann ní ċaillfear go deo, 7c.

Eiḃlín a Rúin. (As leabar)

Do ṡeólfainn féin na gaṁna leat, a Eiḃlín a rúin,
Do ṡeólfainn féin, 7c.
Do ṡeólfainn fein na gaṁna leat,
Amaċ fá na gleanntaiḃ leat
D'fonn ag dul i g-cleaṁnas leat, a Eiḃlín a rúin.

Do raċfainn-sa go dtí an t-Aonaċ leat, a Eiḃlín a rúin,
Do raċfainn-sa, 7c.
Do raċfainn-sa go dtí an t-Aonaċ leat,
'S do ṫiocfainn abaile i n-éinfeaċt leat,
D'fonn go m-beiḋinn im' aonar leat, a Eiḃlín a rúin.

Do raċfainn-se ṫar sáile leat, a Eiḃlín a rúin,
Do raċfainn-se ⁊c.
Do raċfainn-se ṫar sáile leat,
⁊ g-contaḃairt mo ḃáiḋte leat,
D'ḟonn me ḃeiṫ páirteac leat, a Eiḃlín a rúin.

An dtiocfaiḋ tú nó bfanoċaiḋ tú, a Eiḃlín a rúin?
An dtiocfaiḋ tú? ⁊c.,
Tiocfaiḋ me a's ní ḟanoċaiḋ me;
Imṫeiġ roiṁam a's leanfad ṫú;
Grád mo ċroiḋe a gan fios ṫú, a Eiḃlín a rúin.

Ceud míle fáilte roiṁat, a Eiḃlín a rúin,
Ceud míle fáilte, ⁊c.,
Ceud míle fáilte roiṁat!
Naoi gceud míle fáilte roiṁat!
Fáilte agus fiċe roiṁat, a Eiḃlín a rúin.

## An Scéil a ḃí ar Coigċríċ. (Ó Ṗáirpear)

Fonn:- "Is ċaoṁ bó."

A ġaige ar na Breacaiġ, ca dtug tú dom cáḋġas,
Mar's minic arraiṁ d'ḟág me tú do ċam-stáca;
Ċaitis tú ar siuḃal oiḋċe a's ṫug tú leat grápa,
A's ḃain tú asam an meanaċ gan ḟios do mo ċáirdiḃ.
A's ċaoṁ bó.

Dá ḃfeicfeá Seaġan solaċ ag teaċt leis an ġrápa,
Ba ró-ṁaiṫ an saiġdiur naċ dteiċfeaḋ go láidir!
Ċuaiḋ me ar mo ġlúinib a's d'iarr me ar párdun:-
"Tá me ar coigcríċ a's coingḃaiġ do láṁ uaim".
A's ċaoṁ bó.

Sé'n freagra ṫug se orm, "Ċa ċoingḃaiġim mo láṁ uait
Oir tá mise i gcaṫuġaḋ le corraḋ a's páiṫe;
Buailim féin bardiḋe a's sgiúrsam mo ṁaṫair
Aifreann nó teagaisg ċá dtugaim féin aird air"
A's ċaoṁ bó.

"Ḃfuiris dam aiṫnuġaḋ naċ raiḃ tú mar ba ċóir duit
'S naċ raċṫa 'un Aifrinn mar raċfaḋ do ċoṁursain;

'Sé Urnaiġe na Maiġdne bíḋeaḋ agat Dia Dom̃naiġ
Breuga, troiḋ, cúlċainnt, a'r teur mionnaiḋe-móra".
A's ṫaoim bó.

Nuair a ċluinfear mo ċlann-sa a mbéiḋ mise ar a dtábla
Tréarṫa Seaġain Salaiġ, cá bíḋeann siad-san sásta;
Nuair a ṫiocfas an Seirsún 'gus fear na buiḋe báine.
Cuirfear 'un príosúin ṫú 's dóiġfear 'san láiṁ ṫú.
A's ṫaoim bó.

## A Ċaraid Dílis.

Fonn:- "Cad é déanfas tú, a ġráḋ?"
(ó Séimiġ Dom̃naill Ċaṫaiġ.)

A ċaraid dílis is beag a saoil me
Go sgarfá féin liom go d-teiḋinn 'san ċré,
'S gaċ lá a's oiḋċe a dtainnic tú 'n taob seo,
'S gur bé do ċuid de'n t-saoġal beiṫ 'san áit a mbéiḋinn.
'Sé do ċómráḋ caoin deas a loit mo ċroiḋe 'stiġ,
A d'fág me ċoiḋċe faoi bron ró-ġeur;
Do ġean má sgaoil tú ar beagán maoine
Is mairg a ṫaobfaḋ aon fear óg do diaiġ.

'Sé do ṫriall ṫar ḟairrge d'ḟág ar ceann mé,—
Riġne tú dearmad ró-ṁór 'do ḋiaiġ,
D'ḟág tú do leanḃ beag annseo ag fann-ġul;
D'ḟág tú mise i n-angar agus briġ gac sgéil.
Nac truaġ an cás duit anois mo ṁarḃaḋ,
'S gaċ geallaṁaint ṫug tú i dtús do'n ċléir,
Ḃuair tu díomṫa anntaiċt gaċ órġúir ceannra ~~ceann óroin~~
'S is duine gann me, faraor! 'do ḋiaiġ.

'Nuair a ṫeiḋim taoḃ na sráide a's ċím gaċ sráidbean
le na gráḋ fir ag cóṁráḋ ciuin,
'Sé ṫigeas na fastuiġṫe ṫríd mo ċnáṁaiḃ
le lán-corp náire fá do ḃeiṫ ar siuḃal.
Dá mbéiḋinn mo páca ó d'ól mo ṁaṫair mé
'S gan agam áit ann a mbainfinn fúm
Ba leor a páirt é go ndeánfá m' fágbáil,
Gan fios a ádbair nó leiṫsgeal siuḃail.

'Sé do ṫriall ar Éirinn, a stóir a ḃuaḋair me
Ar ṁisna réaguin udaiḋ i mbíonn tú ann
Ar eagla an t-éag beiṫ ag teaċt fád' ḟéaċaint
'S gan mise féin le deis 'cur ar do ceann. ~~beiṫ ós cionn do ċláir~~.

Fuigfiḋ tú breugaċ aiṫ go léir iad
le neart na céile tá i g-croiḋe do láir
Tógfaiḋ tú'n léun dam aríſ maſ féidir
le cuiḋiuġaḋ Dé, aċt tú pilleaḋ ſlán.

## Bríġidín Ní Ṁáille. (Ó Bríġid Forcan, Áṫ-na-gcloiġe).
Fonn "Seaġan Ó Donnċuda."

'S í Bríġidín dear Ní Ṁáille an cailín múinte mánla
Níl bean ar biṫ san áit seo níos áilne ná í;
Dá bfáġainn-se féin mo róġa de ṁnáiḃ breaġṫa an doṁain
'S í Bríġid ḃeiḋeaḋ i mBun-na-hAbann ag Paidín Duḃ Mac Aoiḋ.

Is iomḋa cailín sreiṁneaṁail a d'fiċeoċaḋ liom go héasgaiḋ
Faoi ṡíol 's faoi ṡíoda gléasta 'gus seoide ann gaċ dlaoiġ;
Aċt b'fearr liom Bríġid mar ċéile ná ríġean ríoġ na Gréige,
'S ná Helen ṫarraing léirsgrios a's cogaḋ ar an Traoi.

Is binne guṫ a béilín ag seinm abrain Gaeḋilge
Ná'n loinduḃ a's ná'n ċéirseaċ 's ná ceol na Sluaiġte Síḋe;
Tá'n ṁaiṫ a beiṫ ag éileaṁ tá mo ċroiḋe 'stiġ dá réabaḋ
Is gearr, is gearr an t-éag uaim muna b'faiġidim í mar ṁnaoi.

# Feidlimiḋ Óg O'Froiġill.
(ó Ṗadraiġ Ċailcín)

Nuair a ḃí me óg 'gus lag go leor,
Ḃain me faoim 'sna bealaiġ seo,
'S ar ċarán reiḋ a ṡiuḃail me an saoġal,
Gur ġoin go géar an ainnir mé;
Ṗógaḋ mo ḃeul mar ḃláṫ ruġ-craoḃ,
Le 'ḃfacaiḋ mé 's nár aiṫin mé,
'S ar an h-aonṁaḋ déag, nar ṫruaġ mo sgéal,
'S gur i n-Aontruim féin a ċuirfiḋe mé.

Dá m-beiḋinn-se críonna, 's ní raḃ faraor!
Ḃéiḋinn 'sa tír i rugaḋ mé;
Ḃéiḋeaḋ uaisle ag caoi mo ḃáis go fíor,
'S mo ḃunaḋ féin ag aiṫriġe 'ig;
A ṁáiṫrín ṁín a tug dom do ċíċ, A árd-ḃroinn ċaoin a d'ḟuilinn mé,
Tá an bás go fíor i gcóir mo ċroiḋe, 'S ag Eoġan O'Froiġill ní ṁisfear mé.

Teaċtaire críonna a raċaḋ síos 'Gus a ṫiocfaḋ aníos an aiṫġiorra,
A ḋéanfaḋ sgíste ag bealaċ gaoiṫe, 'S a d'aiṫrisfeaḋ dóiḃ mo
leaṫtrom-sa;
Ar ṗilleaḋ aníos ar ais 'sa t-slige, Ḃéurfainn féin luaċ a sċairḋ
Aċt cóiriġ an tuiġe a stuiġ faoi mo ṫaoiḃ 'S í anoċt an oiḋċe
déireannaċ.

## An t-Éun Boċt Scaiṫtí.

(Ó Nuala Ní Dóċartaiġ, Eaċ-Inis).

Is éun boċt scaiṫtí mé le fada,
Ó ċaill mé mo ċúl báire;
Ní'l teaċ mo ċarad róṁam 'sna bealaiġ,
'S naċ truaġ le neaċ mé craiḋtí.
Má's é éug mo ċarad a ruaig mise an bealaċ,
Agus d'ḟág mé ann seo le fáiṫe,
A Ríġ atá i dTeaṁair go luaiṫiḋ tú an t-Saṁain
'S go seolaiḋ tú ṫar a béal tráġ' mé.

Mar éun ar an ċraoiḃ 'ndiaiḋ an seabac a ċlaoiḋ
Atá mo ċroiḋe gan aiṫrus,
Nó mar eaċ le gaoiṫ a siubailfead an saoġal,
A's béarfad an ċraoḃ mar ġeall leis.
Ag pilleaḋ arís ar ais sa' t-slíġe
'S ag ceartuġaḋ bríġe mo ċainnte,
Naċ truaġ liḃ éun boċt scaiṫtí mar mé,
Ar an ċoiġċríċ a' déanaḋ rannṫaí.

Ar an ġall-baile ṫuas is buan mo ċuairt
Go faoiṫeaṁail suairc i sna d-teannta,
'S a Dia gaċ uair ní ḃfuiġim cead suain
Aċt ag déanaḋ buadarṫa ann m' intinn.

Mo ċroiḋe na ndual go ḃfuil 'na ġual
Ar ċaoi gur cruaiḋ liom innse,
'S go dtí lá an luain dá m-béiḋinn-se ṡuas,
Ar ais anuas ní ḟillfinn

O Ṫomás O'Connaċáin as na Gleanntaí a fuaras an t-abran ṡuas; agus is é an t-Aṫair Dómnall O'Murċaḋa i bPennsilbánia a sgríoḃ síos é, agus a fuair cloḋḃuailte é i n-Iris-leaḃar na Gaeḋilge, Meaḋon Foġmair, 1900.

# Ṫaoṁ Bó!

(ó Ṁícéal Ó Duiḃir)

Ḃí mé lá breaġ dul amaċ 'un na Míne,
I dtiġ Airt Uí Ceallaiġ a ċaiṫ mise 'n oiḋċe;
Caraḋ teaċ follain dam, teine gan daoine,
Ar ṡuiḋ mise síos ann a ḋéanaḋ mo sgíste,
Ár ṫaoṁ bó!

Níor ḃfada nó ġeárr go dtainic Art 'un an tiġe,
Níor ḋubairt sé "Good morrow" gur ḟiafruiġ sé díom-sa
"What is the matter?" nó "A ḋuine, ca mbíonn tú?"
"Nó caidé'n diaḃal a ṡeol 'un mo ṫiġe ṫú?"
Ár ṫaoṁ bó!

Is sgraiste'r 'ca ionnam ar Condae na Míḋe,
A ṫainic isteaċ a ċaṫaḋ mo ṗíopa,
Ṫainic mé isteaċ a ḋéanaḋ mo sgíste,
Dá suiḋinn amuiġ gur ḃfada dam 'n oiḋċe,
Ár ṫaoṁ bó!

Ba annamh le sgraiste'r a ṫeaċt 'un mo ṫiġe-sa
Ní ṫainic ariaṁ ar ní ṫiocfaiḋ a ċoiḋċe
Níl ann feo aċt mé féin ar mo ingean ḃeag
'S dá maireaḋ sin m'aṫair naċ dtabairfinn ġreimbíḋ
Ár ṫaoṁ bó!

Is mairg do'n aṫair a bí 'ḋ ṡaoṫruġaḋ
Naċ dtabairfeá greim bíḋ do, fosgaḋ, nó díḋean,
Míle glóir do Ḋia naċ ḃfuil a ḋaṫ de mo ġaol leat,
Is duine tú, 'Airt, naċ ḃfuil caraṁail le Críostaiḋe,
A's ṫaom bó!

Ní ḋeárna tusa i gceart é i dtús na h-oiḋċe
Nuair nár ċodlaiḋ tú 'muiġ ċois cloiḋe nó díḋean;
Nuair naċ deaċaiḋ tú go tiġe na táibeirne a ċaṫaḋ do ṗíġne,
Nuair bí mise im' strainséir sin mar a ġníḋinn é,
A's ṫaom bó!

Níl aon teaċ táibeirne 'nois ar na gcaoṁair
Mara dtéiḋinn 'un na nGráinneaċa an t-am seo d'oiḋċe,
Tá siad 'na luiġe 's is deacair leo éiriġe,
Is mór mór mo eagla go dtiocfaiḋ 'n sluaġ-siḋe orm,
A's ṫaom bó!

Is lag tá do ċreideaṁ tú, is dona, 's is claoiḋce,
Nuair a beirear tú 'steac go ḃfuil a léiṫiḋ de ḋaoine,
Ní raiḃ ariaṁ a's ní ḃeiḋ a coiḋċe,
bó Aċt sin cuid de ṗisreógaiḃ bunaḋ do ṫíre,
A's ṫaom bó!

Ċuṗa a léiġeas an Scriopṫúir 's an Bíobla,
Is dona an t-aċt a ċuig tú 'na ṡíṗe;
A ḋúḃlaḋ 's a ḋorċeall 's a' cur amaċ daoine,
'S dá mairfeaḋ sin d'aċair naċ dtaḃairfeá greim bíḋ dó.
Ár ċaoin bó!

Nuair a ṡáruiġ an Airt mo ċur amaċ leis an ċéissmeaċt
D'éiriġ sé ar maire i mullaċ an tiġe 'mac;
Mo ċuigṗeaḋ leat, a Airt, 's nár ṡillḋ tú ċoiḋċe,
D'ḟág tú agam do ṫeaċ áit do ṁnaoi an beag,
Ár ċaoin bó!

D'éiriġ mé ṁ' ṡeasaṁ i lár na h-oiḋċe,
Agus d'aṁairc mé uaim ó ḋóras na bruiġne;
Connairc mé fear beag ruaḋ nár ṡéidfiḋe ón ġaoiṫ é
Agus oiread bréid-an-tealaiṁ faoi na argaid de ṁnaoi
leis — Ár ċaoin bó!

Ċainic Airt sleaċ a ġlacaḋ mo leaṫscéal go caoidreaṁail
Gur ṡíl sé gur strainsear mé ar Co. na Míḋe
A ġoiḋfeaḋ a hata, a ḃata, 's a ṡíopa,
Go ṡrú slat-an-ṗóca, a hata, 's a ċíor beag.
Ár ċaoin bó!

# An Cailín Deas Óg.
(ó Éamonn Ó Tuaṫail).

An cailín deas óg a ṡiublas an ród
  Fáġ ḋamsa mar ṡeód a ḃeiḋeas agam mar ṁaoin;
Maoin ċapall nó bó ná ṡanntuiġ go deo,
  'S innseoċaiḋ mé 'n dóiġ duit a dtóġfaiḋ tú í.

Cur-fá

Bíoḋ sí laġaċ óg gan mairg, gan ḃrón,
  Stuamḋa go leor i ngaċ uile ṡeort níḋ,
Tuigseanaċ, ró-ḋeas, gan an iomarca ḃróiḋ innti, —
  Siud í mo stóirín da mbéaḋ sí gan pingin.

Tá a ḟios ag an tsaoġal dá mba ṁian liom a ṁaoiḋeaṁ,
  Gur ḃíomsa lá ṡaṁsa ċaiṫ mise le spórt,
le greann agus aoibneas a' dul ċuig mo ḋaoiníḃ,
  Ní mó ná sin rinne mé ciste nó stór.

Cur-fá.

Ní raiḃ mé act óg nuair a ṡmaoiniġ mé ar ṗósaḋ,
  Aċ dubairt go leor leor liom, "Fan tusa mar táir";
Mo ċreaċ ás mo ḃrón-sa níor ġlac mé a gcomairle
  Go deaċaiḋ mé i gcoṁar ás gan sgaraḋ le fáġail.

Cur-fá.

Is beusaċ na mná, ní breug sin a ráḋ,
Ní féidir le ḟáiḋ nó le file á ċur síos;
Ní raċaiḋ sé go bráṫ arís ann mo láṫair
Go dtoirmeoċaiḋ sé tráṫ nó go bfillfiḋ sé arís.

Curfá.

## Níl sé 'na lá.

(ó Ċloiċ-Ceann-Ḟaolaiḋ)

Ċuaiḋ mé 'steaċ i dteaċ aréir,
'S d'iarr mé cárta 'r ṁnaoi an leanna,
'Sé dubairt sí liom, "Gabail deor,
Buail an bóṫar 's téiḋ 'n abaile."

Curfá.

Níl sé 'na lá, nó 'na lá,
Níl sé 'na lá nó 'na ṁaidin;
Níl sé 'na lá, 's ní béiḋ go fóill,
Aċt solus árd atá ó'n ġealaiġ.

Mo láiṁ im' ṗóca ċuir me féin
'S d'iarr mé briseaḋ coróna uirṫi.
'Sé duḃairt sí liom, "Buail ar aġaiḋ,
Ar ġeobaiḋ tú ó'n ċárt go dtí an galún."
Curfá.

"Éiriġ do ṡuiḋe, a ḟear an tiġe,
Cuir ort do ḃrísti 'gus do hata,
Go gcongḃuiġiḋ tú ceol leis an duine cóir
A ḃeiḋeas ag ól anseo go maidin."
Curfá.

"Ná h-éiriġ do ṡuiḋe, a ḟear an tiġe,
Ná cuir ort do ḃrísti nó do hata,
Nó diaḃal deor a ṫeiḋeas síos do sgóig
Dá mbeiḋinnse ag ól anseo go maidin."
Curfá.

Tá na caoiriġ 'g ite an féir,
Tá na h-uain ag ól an bainne,
Tá mise im' ṡuiḋe anseo liom féin,
'S ṫá n-ólaim níos mó ó ṫeaċt na maidne.
Curfá.

# Brón-ċeol fá ḃáṫaḋ mo Ṁic;

le Séamus Ó Domhnaill, Rann-na-feirsde.
(ó Eoin Ó Domhnaill, Rann-na-feirsde).

An ċéad Márt d'Ḟoġṁar buḋ brónaċ, tuirseaċ mo scéal,
Lám ċaraiḋ, ró-ċroḋa dul rómam-sa ar leabaiḋ na n-eug;
Ar ċarraic na n-deor is doiċ' gur ċaill mé mo radharc,
'S go dtéiḋim mé faoi ḟód ní ṫógfad m'aigne 'na ḋiaiḋ.

Tá do ṁaṫair a's Niall faoi ċian, 's is fada leo 'n lá,
'S tá orra 'nn a gcliaḃ naċ léiġeasann dochtúir nó liaiġ;
Ar ṡolaṫar mé 'riaṁ a's briseaḋ sé 'lig cruinn ann mo láiṁ,
Go dtaḃairfinn é uaim ar ċuantar Ḟaddaiġ 'beiṫ slán.

Tá do ḋeirḃṡreaċa cráiḋte go gnáṫaċ a' sileaḋ na súl,
A's gan-ḟios cia'n lá go bráṫaċ a n-imṫeoċaiḋ 'n ċúṁaiḋ;
D'ḟág tú d'aicme faoi ṡnáṁ; is gránna a rinn' tú an gníoṁ,
Nuair nar aġair tú Ṗáirrṫas le srás beag eile 'ṫaḃairt
ḋíot.

Buḋ ċaṗtunnaċ, fial tú 'riaṁ, 's buḋ ṡona do láiṁ,
'S go mbéiḋfeá faoi ċian muna ṁiarṫá dá dtiocfaḋ 'nn do
ḋáil;

Buḋ deirmir do ċiall le gaċ aon de d'aicme ar an t-sráid,
'S ní ṁairfeaḋ beo bliaḋain i mbuaiḋreaḋ ann d'earbuiḋe mar
táim.

Is fada mo ṡaoġal a's mé 'déanaḋ gearain faoi brón,
'S mé 'breaṫnuġaḋ uaim síos fá ḃruaċ na mara gaċ nóin;
Níl cuideaċta i dtír mar ḃídeaḋ ar an rannaiḋe seo gnáṫaċ,
Aċt orra 'na gcroiḋṫiḃ, 's fearaoir gan furtaċt i ndán!

Stadfaiḋ mé feasda de m'euġcaoin a's agroċaḋ Mac Ríġ na
nGrás,
D'fulaing sgiolaiḋ a's sian ar ṫaoḃ na croiċe go h-árd;
A Ṁuire, má's féidir dam d'Aon-Ṁac d'agairt gan sás,
Guiḋimse É le beiṫ fabarac do Ṗaddaiġ fá'n cáin!

Míle 's oċt gcéad do réir gaċ scríbinn sinn,
Cúig agus an sé a léiġtear go deiṁin 's go cruinn
Ó ṫainic Mac Dé 'un t-saoġail d'ar gceannaċt go daor,
Go dtéaċaiḋ Ṗaddaiġ i gcré, mo leun, 's naċ bfilleann a
ċoiḋċe.

# An Cailín Cóir, gan Ṁairg.
(ó Niall Mac Ruaidrí, an Ṁín-ṁór).

'Séis mian liom trácht ar sgéim na mná
De ṡíol~~ruiġ~~raiḋ 'n Árd-Ríġ loinnirġe,
Na g-cocán tláiṫ go féar a' fás,
Nó mar sgaoṫ d'ḟáinní gloine uirri.
Déaġ-ġnúis-ḃean náireaċ, ċiallṁar, ċráiḃṫeaċ,
Múinte, sásta, ṡoċairiġe;
'S go ḃfuil saiġde a grād dul ṫríd mo lár,
Naċ léiġeasfaḋ liaiġ nó doctúirí.

Tá stór a cuaċ' mar ór anuas
Go ró-ḋeas, dualaċ, feamannaċ;
Mar ċraoba 'luascaḋ a dlaoiṫe 'gluaiseaċt,
Scaoilteaċ, scuabṫaċ, faiṫbinneaċ.
Ní'l aon sórt ceoil d'á gcualaiḋ cluas
Ná'r ṡáruiġ a glór binn-ġleoiṫe é;
'S ní beo mé buan mar' ḃfáġaim cead siubailc'
leis an sċuaiḋbean ṁuirnc d'ḟág breoiḋte mé.

Tá stór na mbeaċt go ró-ṁaiṫ blas
Mar fíon-ólta i dtaisce i gcuṁdaċ,
Póg na meala 'ḋéanfaḋ óg de'n t-sean,
Croḋa, gasta, luṫṁar.
Ní'l aon sórt fá ṫeaċ [ṡeaċ] i bfoġluim ban
I nglórṫaiḃ, maise, nó múinte,
Náṙ ṫóg mo ṡearc le h-eolas ceart,
'Sí'n t-seoid a ṡásuiġ cúiġe í.

Dá bfeicfeá 'n bean d'a dtug mé gean,
A dtug óg a's sean mór-ṫaitneam dí,
Dá mbuḋ tú an ríġ buḋ leor leat í
'Beiṫ leat mar ṁnaoi ró-ċaiṫréimiġe.
'Na suiḋe 'nn-a bróġaiḃ a's ainn a cóiriuġaḋ
A' roinnt a cuid óir a's airgid —
Péarla 'n óir-buiḋe 'n spéir-bean óg,
'Sí'n cailín cóir gan ṁairg í.

## An Sionnaċ agus na Laċa.

Seo abrán a ċum Domnall Cuirlín, fīġeadóir agus táilliúr, a bí 'na ċomnuiġe ar an Ċeaċláruim i gCloiċ-ceann-Ḟaolaiḋ, fá laċannaib a ṁarb sionnaċ. Baḋ le Peigí Ní Ḃrolċáin ar an mbaile céadna na laċain, agus casaḋ an sionnaċ 'gá n-ioṁċur ar siubal ar Éamonn Ó Cuireáin, comursanaċ eile. Ó Donnċaḋ MacGabann a fuaras é.

I.

Ṫáinic ár mór fán éanlaiṫ a ṡnáṁas go h-éadtrom,
Níor ḃ'ḟearr leo an féar aca 'ná'n t-iasc ar an linn,
Aċt na cúpla laċ ṡpéireaṁail bí ag Peigí mar ṫéitín,
O! mo ṁallaċt do'n té a bain díobṫa na cinn.

II.

Casaḋ 'n sionnaċ do Éamonn, 's é labair sé leis Béarla,
'S é dubairt sé "Good day, and where do you go?"
"I cannot conceal it, ní ċeilfead ón tsaoġal é
Go ndeárnamuid féasta orṫa 'muig 'san ċró mór."

III.

Ar Éamonn gur ṫárlaiġ do'n ṁonnaċ an lá sin,
'S é 'tarraingt go láidir amaċ ṫríd an ṁóin;
Ḃí bog-ultaċ sárta de laċain go h-árd leis
'S é 'tarraingt ar a ṗáistíḃ amaċ 'un ċno-ṁóir.

IV.

"A ṁonnaiġ, glac comairle 's na tarr fá na bóiṫríḃ,
Nó ma's níḋ go gcluin Éoin é ní fada do ṡaoġal;
Tá'n gunna aige i n-órduġaḋ fá ċoinne do ṫórraiṁ
Go gcuirfiḋ sé'n tóir ort amaċ as an tír."

V.

"Ma ṫéiḋ tú 'un Crēin-Ḟoċtair glac mo leaṫ-sceal
go caoṁaṁail,
Mínṫiġ 'duḃ siot duit mo leaṫṫrom-sa dóiḃ
Go ḃfuiḃ uaim agus caoirriġ go leor ar gaċ taoiḃ díoṁ,
'S naċ ḟiú dam dá gcrioċnuġaḋ go dtigiḋ'n Ḟéile Éoin."

VI.

"A ṁonnaiġ, nár leor duitse caoirriġ na coṁursan
Ḃeiṫ agat i gcoiṁnuiḋe d'a dtabairt 'un do ṫiġe?
Aċt mínṫiġ tráṫnóna go raḃ tú i nGleanntórnáin,
'S ná ṡrárail corr-ṁónaḋ ṫabairt leat nó cearc-ḟraoiċ."

VII.

"Ó! tá Donnċaḋ MacSuiḃne go h-olc dam go cinnte,
Ní cáirde dam 'n dream sin dá mbíoḋ siad im' ċomair
Aċt 'sé ṁeasaim gan amras dá dtéidinn fá na
gleanntaiḃ
Go mb'ḟearr liom an t-iomlán 'teaċt orm 'ná Eoin."

## Faic fá lá!

I. (Ó Donnċaḋ MacGubainn).

"Éirigh id' ṡuiḋe, a ḃean an tiġe,
'S ná cuir gruaim ann do ṁalaiḋ,
Líonstar ḋúinn an canna ḋíġe,
'Gus ġeobaiḋ tú ḋíoluiġeaċt ar maidin."

Curfá.

Faic fá lá, faic fá lá,
Faic fá lá, naċ tú'n ḃean ḟairsing;
Faic fá lá, faic fá lá,
Faic fá lá, is tú'n ḃean ḟairsing!

II.

"Seo na mugaí, seo na srugaí,
Seo an áit a bhfuil an leann,
Mara bhfuil airgead ann do phócaibh
Buail an bóthar 's ná fan ann."
Curfá.

III.

"Cuir mé mo lámh ann mo phóca,
'S tharraing mé orm corónn gharbh—
"Seo na mugaí, seo na srugaí,
Gheobhaidh tú ón chárta go dtí'n galún."
Curfá.

IV.

"Éirigh id' shuidhe, a fhir an tighe,
Cuir ort do bhristí a's do hata,
Go gcongbhaighidh tú ceol leis an duine chóir
A bheas againn ag ól anneo go maidin."
Curfá.

V.

"Fan id' luidhe, a fhir an tighe,
Ná cuir ort do bhristí nó do hata,
Nó dhéanmon aon deor a théidheas ann do sceóig
D'a bhfuigh mé féin anneo go maidin."
Curfá.

VI.

"Tá na caoiriġ 'g iṫe 'n ḟéir,
A's tá na h-uain ag ól an ḃainne,
Tá mo ḃean féin ar fud na tíre,
'S ní ṫig dam éiriġ 's dúb 'na ḃaile."
Curfá.

VII.

"Níl sé 'na oiḋċe nó 'na lá,
Níl sé 'na lá nó 'na ṁaidin,
Níl sé 'na lá 's ní ḃéiḋ go fóill,
Solus árd a tá'r an ġealaiġ."
Curfá.

VIII.

"An gcualaiḋ sibse maiṫ na maoile,
A gcoṫuiġeann sí le n-a cuid bainne?
Ocṫar dragún, gasúr cíocraċ,
Bunaḋ 'n tiġe 'gus péire cailleaċ."
Curfá.

IX.

Nuair a ḋ'ḟoscail mé mo ċraos
Ag léigeann síos an bainne ṫana.
Baḋ ċosaṁail é le h-Eas Aoiḋ Ruaiḋ
Ag tuitim anuas leis na beannaiḃ."
Curfá.

# Taḋg Buiḋe. (Ó Ḋonnċaḋ MacGaḃann)

I.

Lá Ḟéil' Pádraic níor ġnáṫaċ liom a ḃeiṫ ag coimeád an ~~ċnó~~ ċró
Aċt ag ól i dtiġ na tábhairne maidin agus neoin,
Na cártaí ḃeiṫ ar láiṁ liom 's na gloiní ḃeiṫ 'n-ár gcoiṁair,
'S nár ḟágaiḋ mé an áit seo gan an canna díġe a ól.

II.

Deir Colmcille liom go h-Éireann go bráṫ naċ dtéid sial,
Luċt an tsaiḋbris go gcailleann siad a bpáirt, ó, de Ḋia;
Naċ mór an tubaiste do ḋuine ar biṫ a ḋéarn é ariaṁ
Oiread cruinniġe a ḋéanaḋ 's ċoinġeoċaḋ as Párrṫas é.

III.

Ḃí mé lá 'siuḃal na sráide 's ní ḃuailfiḋe mé,
Ní h-é amáin gura slán do mo ṁuirnín féin;
Caidé 'n fáṫ duine a ḃeiṫ 'tráċt air 's naċ gcluin siad mé,
'S an grád naċ mbíonn 'san baċair go bfuaruiġeann sé.

IV.

Tá mo ḃróga 'san tseomra 's is minic a ḃí,
Tá mo scórnaċ d'á ḋóġaḋ, 's tá tart ar mo ċroiḋe;
Aċt 'nuair a ólaim-se mo ḋóṫain de'n ḃeaṫ'-uisce bíos daor
Bím im' ṡóġ-ċroiḋe ó Ḋoṁnaċ go maidin Ḋiardaoin.

V.

A Ṡíle óg, is ró-ḋeas do ġorm-ruisc ró-ġlan,
Do ċúl ómra mar an ċnó-ċraoiḃ 's do ḃráiġe mar an ċailc;
Mar ċórn-ḟillte 'n tseaḃaic tá snieall a céibe daiṫte,
'S gur ḋe na seódaiḃ í ~~a d'ḟóir dí~~ (d'órduiġeaḋ) a ḃeiṫ
i nÉirinn seal.

VI.

Go mbreacaiġiḋ mo ḋá ṁalaiḋ 's go liaṫuiġiḋ mo ċeann
Com bán leis an eala a tá ag snáṁaḋ ar an tuinn,
Go dtéiḋ mo ḃean i dtalaṁ 's 'na ḋiaiḋ sin a clann
Go mbéiḋ súil agam le h-ainnir na gcéiḃ-ḟuilt donn.

VII.

Nuair a ólaim deoċ i gCorcaiġ 's i gCionntáile do ḃím,
A's mo Ḃalentine is fada liom siar í uaim,
Níl an baile ó Ḋún-garḃain go Béal Tráġa í
Naċ ḃfuil m'ainm, cid tarcuisneaċ le ráḋ Tadg Buiḋe.

# Bean an Ḟir Ruaiḋ.

I. (Ó Donnċaḋ Macġabainn)

Dá mbínn im' Ríġ ar Éirinn faraor! an rud naċ ḃfuil a's
naċ mbíonn,
Nó im' ċaiptín óg aerac 's mé ag féaċaint ar ṫoiseaċ
an tsluaiġ
Mo ċáirde 's mo ċéad-searc i dréim leis an ainnir a
ċlaoiḋ
Ar neaṁ-ċead Eaglaise 's bráiṫre fúigfead ádbar mór
i gcloigeann an ḟir ruaiḋ.

II.

Nár ḟágaiḋ mé'n saoġal a ċoiḋċe 's nár ċailliḋ mé'n
greann
Nó go raiḃ mé 's mo ċaoiṁṫeaċ seal oiḋċe faoi ḃárraiḃ na
dtom
Gan son-neaċ im' ċoṁair aċt Bríġidín faoi duilleabar
na gcrann
'S an fear ruaḋ ḃeiṫ 'na luiḋe 'san díg agus leac os
a cionn.

III.

A Ḃruinneal gan smál a ḃfuil na dealraiġ deasa 'nn do
ġruaiḋ
An óġánaċ ḃáin atá craiḋte leatsa d'á luaḋaḋ;

Ṁeallfaḋ sí 'n saoġal 's tá míle fear deas léi d'a luaḋaḋ,
Glac misneaċ, a Ḃrīġid, 's ní'l oiḋċe naċ ngoilfiḋe 'n fear ruaḋ.

IV.

Raċfaiḋ mé síos seal míosa ċugaiḃ-se 'n cuairt,
'S ní ḟillfiḋ mé 'níos nó go sínfear mo ċorp annsan uaiġ,
Ḋoċtúirí 'n tsaoġail ní léiġeasfaḋ siad m'aicíd ón uaiġ,
Aċt an aon ṗóg aṁáin 's a fáġail ó ḃean an ḟir ruaiḋ.

V.

Ḋá mḃínn-se síos i ḃprísiún dorċa ċruaiḋ
Boltaí 'ḃeiṫ ar mo ċaoliḃ 's míle glas ó sin suas
Ḃéarfainn an ruaig sin mar d'éireoċaḋ 'n eala do'n ċuan
Aċt m' uċt ḟáġail cead síneaḋ seal míosa le ḃean an ḟir ruaiḋ.

# Moll Dub an Ġleanna.

(Ó Doṁnċad Mac Ġabarain).

I.

Ag Moll dub an Ġleanna tá mo ċroiḋe 'stiġ i dtaisgiḋ,
Is í nac ḃfuair guṫ nó náire,
Smuainte céillide maiseaċ a duḃairt sí liom ar maidin,
"Imṫiġ as 's ná pill níos mó orm."
Ní'l aon ógánaċ deas ó Ḃaile-áṫa-Cliaṫ amaċ,
Ó sin ar ais go Tír Uí Máine,
Naċ ḃfuil a dtigeall 'un an ġleanna ar eaċraiḋ sleamna, donna,
Ag súil leis an ḃean dub a ḃreoduiġ mé.

II.

Tá ba agam ar ṡliab 's gan duine ar biṫ 'na ndiaiḋ
'S mé 'fágail mo ċarad leobṫa,
Fágaim-se le Dia naċ orṫa tá mo ṁian,
Nó bain siad mo ċiall go mór díom.
Mise 'beiṫ liom féin is dearbṫa naċ mbím
Ar Moll Dub a beiṫ i dtús a h-óige;
Is fann guiṫ ceileabairṫ éin a labras leis féin
Ar ṫulaiġ nó ar ṫaoib mónaḋ.

III.

Suiḋē mo ṫeaċ 's gan tuiġe air mó sgraiṫ,
'S é déanta ar ṫaoiḃ an ḃóṫair,
'S naċ críonna 'n rud an ḃeaċ 'nuair a ġníḋ sí a nead
le grian agus le teas an ḟóġṁair.
Má 'sé díoḃ ḃail na ḃfear a d'ḟág mise ar lear
Scaoilim-se mo ḃeannaċt leoḃṫa,

IV.

"Cé rud atá ag fuinneógaiḃ mo ṫiġe
Ag iarraiḋ mise a ḃréagaḋ?"
"Mise Moll Duḃ an Ġleanna, dá leigfeá mise 'steaċ
Go ndéanfainn 's tú tamall súgraiḋ."
"A ċroiḋe 'gus a ċuid caiḋē déanfainn-se duit,
Mura leigfinn isteaċ go lá ṫú?
Tá'n oiḋċe seo ag sioc 's ag cur go mór fá ċnoic
'S ní féidir duinn ár leas a déanaḋ."

V.

Anonn 'un Oileáin Úir dá dtéiḋinn as tú, a ṡiúir,
Ar ċuinntar gur tú mo ċéad-searc,
Na mílte a ḃeiṫ fúinn de ċoillṫiḃ draoiḋte dlúiṫ,
Cúirteanna as caisleáin glé-geal.

Aċt, a ġile, 'bí gan smúid, nár deise dúinn mar ṡiúd
'Ná codlaḋ ar na sléibtiḃ i n-uaṁaiġ.

## An Ċuirneaċ. (ó Ḋonnċaḋ MacĠaḃainn)

I.

Tá'n Ċuirneaċ ag cur ṫairsti 's í lán go bruaċ,
Léim an tsionnaiġ go raċfaḋ go bárra fúinn,
Aon-ṁic Ṁuire ó's tú ṫug sinne as géibeann cruaiḋ
Claoiḋ an tuile 's leig sinne gan báṫaḋ uait.

II.

A ċailín beag barraṁail na dtéada leabair,
A ċuir gruaim orm do ṁalaiḋ fá ḋearuġaḋ an éadaiġ fúinn,
'Measc mo ċáirde da gcastaiḋe sinn mé 'gus tú,
Cóiriġaḋ mo leapṫa ní ḃfuiġfeá cíḋ gur ḃán do ċúl.

III.

Tá sraṫ maiṫ ó'n ḃás agam, míle glóir do Ḋia,
'S mé 'tarraingt ar an ḃaile údaí ar ḃruaċaiḃ a' tsruill;
Ó! mo ċnáṁa go mb' ḟearr liom i mbaile 'n uair m' ḋiaiḋ
'Ná ḃeiṫ i dteampull Cillandí a ċois Ḃóinne siar.

IV.

Dá mbéaḋ teaċtaire agam a raċfaḋ le bríġ mo scéil
Go Dún Talċaiḋ mar a bfuil siad mo ċáirde gaoil
A d'aiṫrisfeaḋ ṫríd ċumann dóiḃ bríġ mo scéil
Go bfuil an earrainn dom' ṁarḃaḋ 's an bás 'na ḋiaiḋ.

## Tuirne Ṁáire. (ó Donnċaḋ MacGaḃainn).

I.

A Ṁáire, a rúin, tá'n Nodlaic ar dtús
Anois le congnaṁ 'n Árd-Ríġ,
Tiocfaiḋ do ṫuirne 'na baile Ḋia luain
'S trí cóta úra ón Spáinn faoi,
Mol as Lunndúin, coigeall as Luimneaċ,
Fearsaid as Dún Ní Ġeaṙáin,
Speanġ de'n tsíoda a b'ḟearr 'san tír,
'S ar ndóiġe béiḋ sí sásta.

II.

'Sí tuirne Ṁáire 'n tuirne sásta,
Ṡiuḃail sí roinnt de Éirinn;
Níl cluid nó ceárn naċ mbíonn sí ta,
'S bí sí seal d'a géaruġaḋ.

Ḃí sí lá i n-Iubair Ċinn Tráġa,
'S i mullaiġ gaċ árdán sléiḃe,
'S an tsíofróg mná 'tá ag bun Ċnoc-meadóin
Gur ṡníoṁ sí air ádbar léineaḋ.

III.

'Sí seo 'n túirne bí deas uiṁal,
Ḃí sí scafanta éadtroṁ
'Sí 'd'ioṁċroċaḋ ~~a~~ 'n tsreanġ gan stad gan tsilleán
Gur ḃuaileaḋ sceartán beirne uirṫi.
Uaisle 'n ċnocáin a bíos ġa tioṁáint
'S ag sníoṁaḋ a gcuid snáiṫ' ċaoil uirṫi,
Aċt an ḟearsaid ċuir gur ċam 's gur lúb.
tárrṫail.
'S gan i n-a cuṁaċt a sábail.

IV.

'Sí seo 'n tuirne doiliġ a sciúraḋ—
Rapla-húta 's márrsaiḃ,
Na gaisgiḋiġe ṡúgaiġ ag teaċt ar tús,
'S na marcaiġe lúṫṁar, láidir,
Bain-tsíoġaiḋe ṡúgaiġ ag preabaḋ 's ag lúscar
Ag freastal trír ag cárdail;
A ḃraṫair mór a bí ṫall san Róiṁ
Gur ṡníoṁ sí ádbar a ċába.

V.

Ó! ṫainic an féidean ṫart fá'n tromán
Mar ḃéaḋ poiṫleán meisse ann,
Scaoil an ceap, an poṫ, 's an hata,
Ṫug an coigeall léim ann.
An ḃraṫair mór a ḃí ṫall 'san Róiṁ
'Na ċomnuiḋe i mbun Ċnoic sléiḃe
Má ḃ'ḟíor a ġlórṫaí ḃí a cuid srócaí
Ag léimniġ ainns na spéarṫaiḃ.

VI.

Fuagraim mo ḃearaḋ ar ṡagart na paróiste
Nár ċaiṫ bunaḋas lae léi,
Má ḃí sé i n-a ċumaċt an dream sin a ruagaḋ
Nó'n trailm naoṁṫa a léiġeaḋ uirṫi.
Gaċ aon Doṁnaċ Aifrinn ó Nodlaic go Cáisc
Ar ċóir do ḋul 'san éideaḋ
Má ḃaḋ truaġ leis Máire ag gol 's ag gárṫaiġil
I ngleanntán álainn sléiḃe.

V.

Ṫaom bó, a ċaille, go bḟeicfiḋ mé tart ort
'S gan aon deor agat le féaċaint
Aċt lán do ḃuilg de sgadánaiḃ goirte
Sin agus earcóna ciar-ḋonn;
Gan aon deor leanna a ḃeiṫ ar an ḃaile
Níos neise duit 'ná seaċt míle,
'S gan deor uisce-beaṫa níos treise 'ná 'n t-uisce
Aċt mise 'ḃeiṫ a' tarraingt 's a' líonaḋ.

Curfá.

## Tigearna Muigeó.

Le cois na trí rannaiḃ de'n aḃran seo a tá i gclóḋ fuair mé an dá rann a leanas ó Ḋonnċaḋ Mac Gaḃainn:—

IV.

Ná fulaing mé beiṫ i bpéin-ḃroid
'S gur aiṫgaraċ mé 'do ḋeoiġ,
A ṡearc ṫar Éire 's anna
Le'r ċeangail d'ar ḟóiġriġ fós;
Ṡíl mise nár ṡanntuiġeas
Mo sċáinnraḋ go mór 'san traoġal
Aċt beiḋ mise 'mo ṡean-laoċ
'Do ḋiaiḋ-se i ngaċ ród.
Gluaisteap linn 'na Frainnce
Mar ċuaiḋ gaċ saoi le ronnduail
Ní ḟanam fá na gleanntaiḃ
Ann an sargcúiḃ níos mó;
Aċt braon ní ḃlassaiḋ mo ċeann-sa
De ḟíon nó beoir nó ḃrandaiġ
Go ḃráġaiḋ mise benedictíon
O Ṫiġearna Muiġeo.

V.

Ó! Ḃéarfad mar ḃannaiḋ uaim-se
  An uaiġ 's an ċill 'san Róiṁ,
Ḃéarfad féin uaim
  Mo ṁeadaraċt 's mo ċeol
Naċ mbéiḋ mé 'n fad ud uait-se
  Gan cuairt ann an ṁí nó ḋó
Ḃéarfad féin uaim
  An Ḃíobla as mo ḋóirn.
Creidiġiḋ sin uaim-se
A's éistiġiḋ cainnt an uaim boiċt
Go ḃfuiġiḋ sib gan ġuais ar biṫ
  Scríobṫa ag Pól
Naċ ḃfuil coir ar biṫ d'a ġuaiseaċt
Naċ maiṫtear do na sluaiġtib
Le <u>mea</u> <u>culpa</u> 's gan an t-olc
  A ḋéanaḋ níos mó.

## Grád Geal mo Ċroiḋe. (Aḃrán a ċum mé féin.)

I.

Is ḃláṫṁar, deas, laġaċ an cailín caoin, cóir
Dí'a dtug mé 's an ċéad-radarc mo ċroiḋe ar a treóir;
Is aerac a h-intinn 's is séiṁeaṁail a gnaoi,
Ḃéarfad éinneaċ tréan-ṡeirc dí, mo ġrád geal mo ċroiḋe.

Is aerac a h-intinn, 7rl.

II.

Tá ór-ḋlaoiṫe a cúil 'maċ síos léi go troiġ,
Tá a briaṫra binn milis mar ċeol an tsluaiġ-siḋe;
Tá a h-aġaiḋ mar ġnúis aingil, 's is soineannta í —
O! is seod as na Flaiṫis mo ġrád geal mo ċroiḋe.

Tá a h-aġaiḋ mar ġnúis aingil, 7rl.

III.

Tá a seang-ċorp ċom h-álainn le h-eala 's an tuinn,
Sói-ṁéinn a's deaġ-nádúir bí léiṫe ar bruinn;
Dá súil mar ġlan-réalta ag soillsiuġaḋ na h-oiḋċe;
A's mar lili a geal-éadan, mo ġrád geal mo ċroiḋe.

Dá súil mar ġlan-réalta, 7rl.

IV.

Mar Ċléopatra na h-Éigipt le scéime tá sí,
Nó mar Helen ṫug léir-scrios ró-ġéar ar an Traoi,
Nó mar Ṁéadbha ar Éirinn ṫarraing éirleaċ a's díṫ,
Nó mar Ḃéarnít, bainḋé Ġréugaċ, tá mo ġrád geal mo ċroiḋe.

Nó mar Ṁéadḃa, 7rl.

V.

I ḃfuaim a's i ~~[illegible]~~ gcéim ní'l a léiṫid le fágail,
Tá aici gaċ buaiḋ, árd-réim, a's mór-ċáil;
Go raiḃ aici caḃair Ṁuire a's beannaċt an Ríġ,
Is clú mór do'n tír seo mo ġrád geal mo ċroiḋe.
Go raiḃ aici caḃair Ṁuire, 7rl.

VI.

Le grád ar an ainnir táim 'mo ċaṫaḋ 's 'mo ċlaoiḋ,
Ní'l ionnam aon ṡprangaḋ, nó urraḋ, nó ḃríġ;
Tá aici mór-ṫreise mar ḃíoḋ ag sean-ḋraoi,
Óir tá daoine faoi ġeasaiḃ ag grád geal mo ċroiḋe.
Tá aici mór-treise, 7rl.

VII.

Tá gaċ ógánaċ dóiġeaṁail ag dréim lei mar ṁnaoi,
Mar naċ ḃfuil i n-a n-eolas aon ṗéarla mar í;
Ní ṫug sí spéis aċt do aon-ḟear de réir gaċ déag-ḋliġe,
A's naċ méanair do'n té sin, mo ġrád geal mo ċroiḋe.
Ní ṫug sí spéis aċt do aon-ḟear, 7rl.

VIII.

Ní ṡanntuiġim lán-ċiste nó taisceḋ nó stór,
Ní'l mo ṁian-sa i mbólaċt, i maoin, nó i n-ór;
I gcró ar ṫaoiḃ sléiḃe ní ḃeinn-se ag caoiḋ
'Fad 's ḃéaḋ agam mar ċéile mo ġrád geal mo ċroiḋe.
I gcró ar ṫaoiḃ sléiḃe, 7rl.

IX.

Ní meallfar go deo í le saiḋḃreas nó maoin,
Aċt a haon-searc beiḋ aici dá mbíoḋ sé gan pinginn;
Is mar Ḋéirdre í 'ṫug éaraḋ' béiṫ 'na céile ag Ríġ,
Aċt má's féidir é, bréagfaiḋ mé gráḋ geal mo ċroiḋe.
Is mar Ḋéirdre í, 7rl.

X.

Ó! d'innis a súil dam gur agam béas sí,
Is ní ċaillfead mo ġráḋ duit, mo ṁuirnín, a ċoiḋċe
Nó go sínfear mo ċnáṁa 'san roilig 'na luiḋe,
Is níorb' aoiḃneas liom Ṗárrṫas gan gráḋ geal mo ċroiḋe.
Nó go sínfear mo ċnáṁa, 7rl.

# Mná Ṁín-na-Sróna.

ṡ. (Ó Ṗroinnsias Ó Duibṫiaiġ, Gortánaiḋe Cairn, Baile na Finne).

A Ṡéamuis, is náir liom mar d'áṫruiġ tú an nós sin,
A ṫeaċt le do ġárda fríd lár Ṁín-na-sróna;
Nó, dá dtigṫeá mar baḋ ġnáṫaċ leat 's do ċanna ann do
ḋórn leat,
Ḃéaḋ airgead bán leat a's páipear a's ór buiḋe

Ó ċruinniġ tú gárda gan grásta, gan tróc're,
Spailpíní Gallta ag úrduġaḋ ar gcuid bó leo,
Acṫ míle altuġaḋ do'n Áirdríġ a ċeangluiġeas na doirle,
Nó ġeoḃaiḋ sib buir ḃráiḋe ó ṁnáiḃ Ṁín-na-sróna.

Is clú mór 'san áit seo mná Ṁín-na-sróna,
Siad naċ léigfeaḋ 'gcuid áirneis le bailli nó tóraiḋe;
Is bean aca a ḃfeaiṗ liom dá ḃfáġainn i dtús m'óige í,
'S nar ṁaiṫ an cúl báire i n-am gábaiḋ a's gleo í.

'S a ḃuaċaillí bána má's siḃ liḃ-se pósaḋ
Gabaiġiḋ ionnsa'r Niall Máġnuis, 's é déanfas diḃ eolas;
Ġeoḃaiḋ sé diḃ mná maiṫe agus tonntaí de'n ór leo,
'S nar ṁaiṫ ag buir láiṁ iad lá Márta 'gus Fóġṁair.

Má ṫéiḋeann siḃ 'un na sráide 's ḃur láṁa i nḃur
brócaiḃ
Ag féiċeam goiḋe 'n sráidbean ar ḃ'áil liḃ, ḃéiḋ 'gób
léi
Ná tógaiġiḋ bábóg ḃeag álainn, neaṁ-ḟóġanntaċ,
Ḃíoḋ cailín breaġ ṡaiṁ liḃ as Láṙ Ṁín-na-sróna.

## Gleann Doṁain.

Peadar Breaṫnaċ cct.
(Ó Séamus Ó Doċartaiġ, Eaċ-ruis.)

Ar ṁalaiḋ Ġleann-doṁain a fuair mise 'n srónt —
Go mairiḋ sé i gcoṁnuiḋe i n-aoiḃneas —
Ag fear an ċroiḋe ṁóir i leaṫ-taoiḃ an róid
A ngoireann siad Doṁnall Ḃriain de;
Sé scarfaḋ an ḃeoir go fairsing 'dtiġ 'n óil,
Agus ċoinneoċaḋ ag ól na mílte,
Aċt ní buiḋeal nó corn a ḃíoḋ i n-a ḋorn
Aċt galún Uí Ḋoṁnaill líonta.

Is aige tá'n spéirbhean soineannta séimiḋ
A ṫáinic ó ḟréim na ndaoine;
'Sí scarfaḋ an spré ar ḃoċtaiḃ an tsaoġail—
'Sé 's ainm dí, Déirdre an ríġ-ḃean;
'Sí ṁolaim le féile, le maise, 's le méin ṁaiṫ,
Eadar Gráiġ Éanaċ a's Baoġallaċ,
'S, a Ċeitiḋ Mic Daeġiḋ, duitse ḃeirim-se 'n réim,
Agus creidiġiḋ 'n méid sin fíor uaim.

## Mailiġ mo Ċéad-Searc.

Abran a fuaras annsna Gleanntaiḃ.

A Ṁailiġ, mo ċéad-searc, ná tréig ṫusa mise go bráṫ
'S go ḃfuil mé 'do ḋiaiḋ gaċ aon lá ar ṁullaiġiḃ na n-árd;
I gcuideaċta ḃan Éireann 's tú 's féile fá a nglacfaiḋ do láṁ,
'S is binn guṫ do ḃéil 's ní bréag a ḃfuilim a' ráḋ.

Is fada liom suas ar uaigneas an ḃaile 'mbíonn sí,
'S a liaċt ógánaċ suirriġe a gluaiseas i n-aice na díġe;
Dá dtigeá-sa 'nuas fá ṫuairim an ḃaile ann a mbím,
Le ceileabhar na gcuaċ go ngluaisfinn leat-sa mar mnaoi.

Mailiḋ dá mbéaḋ 'na luiġe ar leabaiḋ go sáiṁ,
Mar ṡneaċta 's an ċraoiḃ tá a píob a's mar lile a bráiġ;
Ḋá ċíċ ċóṁra glé-ġeala 's aon ḟear níor leag orṫa láiṁ,
Mar an eala tá sí an tráṫ ṡíneas sí 'maċ ar an tsnáiṁ.

Ag Mailiġ, mo ċéad-searc, tá'n t-ór-ḟolt fiġte, glan, réiḋ,
A cum cailce gan bród ṫógfaḋ dólas d'fearaiḃ an tsaoġail,
Béilín meala na bpóg, rosca ró-ġlan, gorma, gan ċlaon
'S ní ṁairfiḋ mé beo mara bpóstar Mailiġ a's mé.

## Réalt Eolais na Fánada.

(Ó Mícheál Ó Baoighill, Baile-an-Mhuilinn.)

Mo léan géar, a ghráinne, nach bhfuil mé 's tú i nGáigín,
Fá shléibhtibh dubha Dhearnais, nó i gcoilltibh loch Phatc,
'S gan fios ag ár gcáirdibh cá ndeánfamuis fárus,
Nó ag éinneach 'san áit sin go gcaithfimis bliadain
Acht is measa mar tá mé, tá m'órdughadh-sa déanta,
'S ní bhfuighinn cead mo lámh a chur tharad arthar;
Is éigin dam a rádh leat "Mo chúig beannacht slán leat",
'S is trocair mór báis dam do sheiceáil arsaimh.

M'och, och, a ghrádh dílis gan mise 's tú i n-éinfeacht,
Ag éalódh ós íseal tríd shléibhtibh Mín-Bó
Gan romainn acht mic-tíre a's cearca-fraoich ag éirighe
Ann san ghleanntán a mbíodhmuis i gcuideacht gach ló;
'S gan fios a bheith ag éinneach cé'n lóistín 'na mbéadhmuis,
Ar leabaidh chumhang chaonaigh fá bhrataibh an tsróil
Sínte le chéile, a chaoin-mhaiseach bhéasach,
Mé ag pógadh do ghnúis-bheil 's an oidhche uilig romhainn.

I n-íoċtar tír Ḟánad' tá'n ríġ-bean is breáġṫa
D'ár ṡiubail ariaṁ sráid Lon'n 's go droiċead Áṫ' Cliaṫ
Ó Ṡligeaċ go Málainn 's ó Ḋoire go h-Árainn,
Mac-a-samail mo Ġráinne ní'l ṫoir ann nó ṫiar;
Réalt eolais na h-áite, a fuair mór-cuid ár' áireaṁ,
Is uirri a ṫrácṫfainn dá gcreidfiḋe mo sgéal,
Is fíor-ġile a brágaḋe 'ná'n ḟaoileann ar sáile,
'S a ċorcur-ġrís áille, 's tú a sgánnruiġ mo ċiall.

Tá dá ċíċ corra gleigeal nár milleaḋ le sméaraċt
Ar ċlár-uċt a cléiḃe 'na seasaṁ mar ċnoḋ,
'S ní deise an méid sin 'ná gaċ ball dí le ċéile,
'Sí báinríoġain na sgéiṁe í, a's creidiġiḋ mo ġlór.
Gaċ dealraṁ gaċ gréine, is duiḃe í 'ná sméarṫa,
'S go ḃfiseoċainn gaċ éan-ball d'á craiceann go bróg;
Is leat a ṡiubailfinn i n-éinḟeaċt cúig Ċúige na h-Éireann,
A ġnúis milis, béasaċ, fosc orm le póg.

## Gaṁna Geala.

Aḃrán a fuaras ó Ḋorċa Ní Ġallċobair, Míndoimeoin.

'Siad mo ċuid gaṁna na gaṁna geala,
Iṫeann siad féar a's ní ólann siad bainne;
Bíonn siad anonn a's anall ar an ḟearann,
'S ní fearr leo an tráiġ aca 'ná bárr an lán-ṁara.

Is beag beag mo ḋúil-se i gcuraiḃ nó i gcárdaiḃ,
I ḃfuinneógaiḃ gloine nó i leapṫaċaiḃ árda;
Míle b'ḟearr liom féin, arú! lá breaġ Samraiḋ
Ḃoll a ḃeiṫ ar an tsraiṫ 's mé ag amarc ar na gaṁnaiḃ.

'S beag beag mo ḋúil-se i mnáiḃ na gclócaí móra,
Nó ar na faoidaṁdaí 'bíos orṫa Dia Doṁnaiġ;
Míle b'ḟearr liom féin an ḟallainġ ḋeas ċóiriġṫe,
Rinnce 'nns an tseomra 's na gaṁna d'á seolaḋ.

Ní fearr liom locait fúm 'ná luaċair,
Ní fearr liom sibíní ċarm 'ná buaraċ;
Dá mbíoḋ agam seinm ó ṗíobairiḃ an doṁain móir,
Baḋ deise liom 'g éisteaċt le géimneaċ mo ġaṁna.

Tiocfaiḋ an sioc agus greadfaiḋ an Márt' é,
Tiocfaiḋ an sneaċta go trom ar na h-áirdiḃ
Tiocfaiḋ 'n t-éag ar an eallaċ a's feannfar na gaṁna
A ċuisle ġus a stóir! ná bíoḋ dúil againn ionnta.

Is cailín óg sléibe a ċum an t-abrán seo ṫuas. Bí mórán eallaiġ agus gaṁna ag n-a h-aṫair agus bíoḋ sise ag tabairt aire díobṫa. Pósaḋ í ar ḟear a ċois fairrge a raiḃ teaċ maiṫ, gléasta aige, aċt ní raiḃ áird ag an ċailín ar ġalantas, agus ní raiḃ a h-inntinn sásta ann a baile úr. Bí neart géaċ aici agus is orṫa a ḃein sí "Na Gaṁna Geala", aċt b'ḟearr léi gaṁna a h-aṫar. Cum a fear an rann deireannaċ ag féaċaiḃ sólas a ṫabairt dí.

# Cúl Ḋuḃ Uaiġe.

(Ó Ṁéaḋḃa Ní Ṡearcaiġ, an Ḃráġaid.)

Ar maidin Ḋia h-Aoine muirġlaḋ 'n-ár suiḋe sinn,
Aṡ diúltaiġ mo ċroiḋe 'stiġ ar a ḋul ann,
'Sé Blaiġeallaċ Loċ-an-ruḃair a ḃroiṡluiġ 'un siuḃail sinn,
Rinnemuid an siuḃal aċt níor éiriġ linn.
Cuadmar ar na ráṁaiḃ aċt níor léar dúinn stiúraḋ a ḋéanaḋ,
Ḃí plúċaḋ 's caṫaḋ 'dul go ḃarra na gcrann,
Dá mbéaḋ sciar i n-ár ḃróċaiḃ a ġearrfaḋ na rópaí
Do ċuirfeaḋ an ċóir sinn faoi ḟoscaḋ na mbeann.

A Ṗádraic ḃáin Uí Árlaiġ, ní h-iongnaḋ tú 'ḃeiṫ cráiḋte.
Tá do ṁac breaġ álainn naċ raḃ a léiṫid 'san tír,
Ní ḋíoġḃail bíḋ nó ánnlainn a ṫug do ṁac 'san áit sin,
'Sé do ṫeaċ 'ḃí lán de gaċ uile ċineál bíḋ.
Ḃí min a's preátaí, ḃí eorna 's grán ann,
Iasc croċta 'náirde naċ raḃ a léiṫid 'san tír,
A's gan cailín óg 'san áit sin naċ raḃ 'liġ i ngráḋ leis,
A's cuiṁniḋ a ṁáṫair go ~~na~~ bráṫ ní ḟuiġfiḋe a croiḋe.

Ḋé Cúl Duḃ Uaiġe an cúl gan truaiġe,
Naċ fliuċ 's naċ fuar ann a leabaiḋ luiġe,
A Néill báin na páirte, naċ truaġtaċ a ḟágaḋ ṫú
Agus Cablaċ mór bádaiġ le do ṫaoiḃ.
Aċt ṫairis an gálaḋ a's líonaḋ na bádaiġ,
A's ċluinfiḋe i n-Árainn ár n-gáir 's ár gcaoi
Dá mbéaḋ Goḟraiḋ ar an ráma nó Donnċaḋ, mo ḋearḃraṫair,
Níor baoġal dúinn an lá sin naċ dtiocfaimís i dtír.

Is iomḋa longa breáṫaí 'ṫug mise 's mo ḋearḃraṫair
Ó Connaċt 's ó Málainn ar an ḟairrge dían,
Conntabairt ní ḃfuairimíd go taoċt dúinn go Cúl Uaiġe—
Mo ċreaċ a's mo ċruaḋ-ċás go dtangamar 'riaṁ.
Ḃímíd ár n-óċtar d'ḟearaiḃ leiġṫe láidre
Aċt mo ċráḋ! bí a lán dínn nár ċleaċt ráma-bainn;
Mara ndearnfaiḋ a ṫárrṫail aċt aon ḟear amáin dínn
A d'innseoċaḋ d'ár gcáirdiḃ caidé ṫárlaiḋ dúinn ann!

## Mo Róisín. (ó leabhar "Amhráin na Mumhan")

A éinín dílis, áluinn!
A mhaoin mo chroidhe, 's a ghrádh gil,
Le d'rosgaibh gormghlais gach lá dúit,
Faoi bhláth go raibh tú arís!
Ó ghrádh mo chroidhe thú, a Róisín!
A bháinríoghain díl 's a stóirín!
A mhaighdin, chífeadh coróin ort
Os cóimhair an tsaoghail!

Cé trom atá an crádh ort,
Ó, thiocfaidh lá an áthais,
Agus cloisfear gártha 'n árd-chnuic
'S ar bhántaibh Inse Fáil!
Ó ghrádh mo chroidhe thú, 7rl.

Dá bhféachaidhe féin do námhad ort,
Ní thréigfidhe Gaedhil go bráth thú,
Tá réim faoi réim i ndán duit,
A's bhar ní bhfuighid thú, a rúin.
Ó ghrádh mo chroidhe thú, 7rl.

Mo Stóirín Óg (ó leabhar "Óráin na Banban".)

Tá cailín óg ar m'eolas,
  A wee bright maid with brow of snow,
Le súile geala, gleoiḋte,
  Where trust and truth and gladness glow;
Tá a glór mar ġuṫ an éinín
  That sings when summer skies are blue,
Tá daṫ na rós ar a beilín,
  And ne'er on Earth was heart more true,
'Na a croiḋe-se gléigeal, dílis, Gaeḋealaċ,
  That lights her way whe'er she goes:
And because she's true to Erin
  Tá grád i mo ċroiḋe do mo stóirín óg.

Tá grád aici do'n Ġaeḋilg,
  And Eire's lore she loves to hear,
Tá grád i n-a croiḋe do Ġaeḋealaiḃ;
  And prizes all they hold most dear;
Agus éistim féin le bréiṫriḃ
  That from her lips fall sweet and low
Ag innsint scéal i nGaeḋilg
  Of days in Erin long ago;

'Sí grádh mo ~~ċroiḋe~~ [ċléiḃ] ṫar ċáċ le ċéile,
And thro' the years, come weal, come woe,
While the grass grows green in Erin
Beiḋ grádh i mo ċroiḋe do mo stóirín óg.

## A Ċuid an tSaoġail (Ó leabhar "Briain na Banban")
(Fonn:- "The Foggy Dew.")

A ṁaoin agus a ġrádh! seo duitse mo láṁ,
Is mo ċroiḋe féin go bráṫ duit, a ċuid an tsaoġail,
Pé rud tá i ndán dúinn, is leor liom do ġrádh-sa
'S é sin agam táim sásta gan sparán, gan spré;
Ní mian liom cáil aċt i smaointiḃ aṁáin,
Níl uaim aċt do láṁ ḃeiṫ im' láiṁ go dlúṫ,
Ann san doṁan iomlán, nó i n-Inis-Fáil,
Níl aoibhneas, níl áṫas, níl séan gan tú!

A óg-ḃean mo ċroiḋe! Ann san ló, ann san oiḋċ'
Ḃeirim glóir go síorruiḋe do Ríġ na Slóġ;
Tá mo stór a's mo laoiġ-ḋíl do ṡeolaḋ im' ṡliġe,
A's mo luċt-ṫeannta do líonaḋ le séan a's sóġ;

Bád leor liom, a ṁaoin, béiṫ go deo le do ṫaoiḃ,
A's fuaṫ ċríd na bliadantaib go lá an luain:
Go bráċ a's a ċoiḋċ, proinnfead fíor-ġrád mo ċroiḋe
Ar mo cailín uasal aoibinn, mo rós gan ġruaim.

## Peigí Ní Ṡléibín.

I.

Ṡeaċt mbeannaċta na maidne duit, a Peigí Ní Ṡléibín,
A's beannaċt beag eile duit, a ṡcoiṫ-ḃláṫ na bréaṫlaṫ;
Ní'l aon fead ó bun Broomain go bruaċ Loċa Éirne,
Seod ar biṫ níos deise 'ná Peigí Ní Ṡléibín.

II.

Dá bfeicfeá-sa Peigí ar maidin lae gréine
Ag triall ún an ċruinniġṫe, ba ṁuirneaċ a ṡméideaḋ
Ba rós ḋéas a siubalfeaḋ sí taob malaiḋ sléiḃe,
A ruisc mar an criostal nó drúċt ar an ḟéar glas.

III.

D'fosfainn-se caoraiġe mar ċáċ ann an Ġaedealtaċt,
Coróg de'n treamaid a's bainne le céile

Raċfainn 'un Aifrinn, is cuma cá mbéaḋ sé —
Sin mar ġníos iomlán de ċailíníḃ sléiḃe.

IV.

Na tuġṫar aon aiṫis do ċailíníḃ sléiḃe,
Is úr-ġeal a muineál ag cábairḃ a léinteaċ;
Nuair a ḃíos na ba bog 's na gamna leo ag géimniġ,
Bíonn bracán gan bainne ag sreamóġaiḃ an Béarla.

V.

Aréir ḃí mé ag féaċaint ar dearg-luiġe gréine,
A's lá aint an Ġeimreaḋ ar ṡneaċta d'a ṡéideaḋ,
Daṫanna 'n iomláin 's ḃíoḋ siad le ċéile.
Is deise na'liċe atá ar Peigí Ní Ṡléiḃín.

VI.

Is iomḋa áit aoiḃinn ó seo go Beinn Éadain,
Aċt béiḋ mo ċroiḋe ag bun ġárġín, is cuma cá dtéiḋ mé;
Is ann atá 'n cailín is deise a ṡiuḃail Éire
Arḃ' ainm 's sloinneaḋ dí Peigí Ní Ṡléiḃín.

VII.

Is deas a ṫiocfaḋ bráisléad d'a muineál mín glé-ġeal,
Aċt níor deise 'ná fáinní ór-buiḋe ar a méaraiḃ;
B'fearr liom 'ná mo ġearrán 's culaiṫ ṁaiṫ éadaiġ
Naċ ḃfeicfinn ariaṁ í, Peigí Ní Ṡléiḃín.

# Tá mé 'mo ċodlaḋ, 's má tá, ní'l neal!

I.

Ḃí mise lá 's mé ag siuḃal ag taoiḃ carraige
Nuair a casaḋ dam 'n ḃáb agus cóistín beag geal uirri;
Leag mé mo láṁ air a brágaid le gean uirri,
"Tá mé 'mo ċodlaḋ, 's má tá, ní'l neal!"

II.

Is fada mé, a ġráḋ, ag dúil a's ag fuireaċ leat,
Is iomḋa sin tráṫ a ċaiṫ mé 'san turas seo,
Nuair ḟuaruiġ do ḋáiṁ ó ċonnaic mé roiṁe tú,
Tá mé 'mo ċodlaḋ, 7rl.

III.

Níor ḟuaraiġ a ḋáiṁ ó ċonnaic mé roiṁe í,
Má ḃíomḋa sin cráḋ agus an-ṡóġ a d'ḟulaing sí,
Sroiċmíd an tráiġ a's ár ndóċas 'san ṁuir annsin,
Tá mé 'mo ċodlaḋ, 7rl.

IV.

Ṡroiċmíd an tráiġ nuair a casaḋ a bunaḋ linn,
Ḃí leoḃṫa gárda, loingsí, 's marcṡluaġ,
Cuir siad i lár sinn, cuibreaċ a's glais orainn,
Tá mé 'mo ċodlaḋ, 7rl.

V.

Bliaḋain a's ráiṫe ḃí mé go laċtromaċ,
Mo ċumḋaċ ~~g~~ gan blaiṫ a's priosún mar ṫeaċ
agam,
I bfliċe gaċ lá a's an oiḋċe ba ṁeasa dam
Tá mé 'mo ċodlaḋ, 7rl.

VI.

Aṫair mo ġráḋa, is measa é 'ná 'n t-Árdḃearsóir,
Mo ċreaċ a's mo ċráḋ a's mo ṁallaċt go dtigiḋ air,
Go ndeisfrigiḋ a lá a's go bfanaiḋ an diabal leis,
Tá mé 'mo ċodlaḋ, 7rl.

VII.

I n-aois óg, mo léan! a ruaigeaḋ as Éirinn mé,
'S tá mé 'nois ar an tráile ar ḟairrge na Sasana,
Dá mbéinn mar ba ġnáṫaċ liom ḃéaḋ mo ċroiḋe árd-
aigeantaċ,
Tá mé 'mo ċodlaḋ, 7rl.

VIII.

Long agus bád beag ar ḃárr na fairrge
A's iad lom-lán de ṁnáiḃ breaġa Sasanaċ,
Mura mbéinn-se i ngráḋ ḃéaḋ ceann aca i n-aice liom,
Tá mé mo ċodlaḋ, 7rl.

IX.

Ní ḟillfead go bráċ, a's ná bíoḋ ag feiṫeaṁ (fuireaċt) liom,
Níl fáinne, ná bád, ná seolta, ná long agam,
A's tusa, a Ṁáire, ní fios dam an maireann tú,
Tá mé 'mo ċodlaḋ, 's má tá tú, níl neal!

Rann eile de "Stocaí na Báinríoġna."
(Féaċ leaṫanaċ )

A Rí! goidé 'n náire é ag fear de Ċlainn Ṗáidín,
'Ḃeiṫ ċoṁ doiliġ (deacair) 'á ṡáṫaḋ ann a léiṫid de ṫír,

Dá siuḃailfeá an ṗáirc sin is fairsinge a ḃfuil sráid ann
'S is mó a ḃfuil mná boċta ag tógail 's ag sníoṁ'
Cífeá ċoṁ tárnoċt 's tá a gcosa féin fágṫa
Leis an 'Ḃáinríoġain' a ḃáin-ḃreacaḋ 's Máġnus
a díoḃ.

Rann eile d'"Abrán Ultaċ." (A Ṁáire, a ḃruinnill!)
(Féaċ leaṫanaċ 9).

Dá ḃfáġainn uain agus lá gan duaḋ
Baḋ ġoirid ár gcuairt 'san áit seo
I ngleanntan ċuṁang nó i gcoillid ċuas
Ḃéad ár gcomnaoin 's ár n-áruis;
Ó ṁaidin go h-oiḋċe do ḃím ag smaoineaḋ
Cá ḃfuairṫá a maise 's a méin ṁaiṫ,
A's nár ḃ'aoiḃinn m'aigne aċt i ḃeiṫ 'n' aice
'S dá mbéinn gan baoġal, ḃéinn leiṫe.

# Dorċa Ní Ḃreannáin.

Ar an taoiḃ ṫall de Ṫráiġ Ċuanaċ a tá'n spéir-ḃean a d'tug mē dí grāḋ,
Ṁearuiġ sí mo ċéadfaḋa 's gan gléas agam ar a ḟáġail;
Dá mbéinn 'mo ríġ ar Ēirinn 's mo roġa bean óg 'san doṁan dam i ndán
Gur duitse a ḃéarfainn céile, a ċūl ċraoḃaiġ 'n ḃrollaiġ ḃáin.

Tá com cailce ag an spéir-ḃean is ḃreáġċa 'ná'n sneaċta ar ċraoiḃ,
Tá dá ċíċ ċorra ġléigeala, 's a béilín mar na ceolṫaiḃ síḋe;
Tá a gruaiḋe mar na rósaiḃ, cūl fáinneaċ ar ḋeallraḋ an óir,
'S má ṫréigeann tū mē, a Ḋéirdre, do ḋíaiḋ-se ní ḃéiḋ mē beo.

Ṡiubail mé timċeall Éireann, an Éigipt, an Ḟrainnc,
'S an Spáinn,
An Turcaiġ ġus an Ġréig 's gaċ réaġún d'á bḟuil
le fáġail,
Fríd bailtiḃ cuain a's sléibtiḃ ó Ḋún Eadain go
Condae an Cláir
'S a comórtas a'c Ḃéanus níor ḟeaċ mé ainnir
na ceirde h-áird'.

Ó éiriġe go dtí luiġe na gréine, an méid sin a's
bíoḋ a' scríoḃaḋ,
A maise agus a breaġaċta níor ḃféidir dóiḃ a
ṁíniuġaḋ daoiḃ;
Dá mbaḋ liom-sa saiḋbrear Ríoġ Ḋáiḃiḋ gus fáġaim
é mar ċruiḋ le mnaoi,
Gur ḃfearr liom i mbotán sléibe ag pógaḋ a béilín
de ló 's de oiḋċ'.

Is mítid liom feasda críoċnuġaḋ ag míniuġaḋ a maise
daoiḃ;
A ḃánríoġain óg na sceime, ann gaċ réaġún is leat
an ċraoḃ;

A ċúl tiuġ mar an ómra, dá dtabairfeá ṫusa
dam do láṁ,
'S a' ráḋ, "a ġráḋ 's leat féin mé," le Tráiġ Ḃanaċ
d'ḟúiġfinn beannaċt slán.

O, a Éire, béiḋ tú Saor go fóill.

A Ḃanba, 's fada táir faoi brón,
Aċt tóg do ċeann a's coisc do ḋeor,
Féaċ do ċlann ag fágail an ḃáirr,
Tá glóir na nGaedeal ag teaċt go h-árd.
Curfá
Ár nGaedilg beo arís go deo—
Ó, a Éire, béiḋ tú saor go fóill!

Ó, muscláiḋ suas, a ċlanna Gaedeal,
A ṡliocht ár sinnsir, bíḋiḋ tréan;
Seo é an lá, seo é an tráṫ,
Tigiḋ le ċéile 's ḃéarfaiḋ bárr.
Curfá.

Tá'n ġrian ag soillsiuġaḋ fríd an ċeo—
Béiḋ Gaeḋeal le Gaeḋeal arís go deo
Ag labairt ár nGaeḋilg féin go fíor,
Ag sgaoileaḋ greim na nGall de'n tír.
Cúrfá.

Ar aġaiḋ! ar aġaiḋ! anois go fial,
Gaċ Gaeḋeal ó Ġaillim go B'l'áṫ'Cliaṫ,
Ó Ċorcaiġ álainn go Tír-Eoġain,
Ó Ṫeaṁair siar go Cruaċ Ṁuiġeo.
Cúrfá.

# Cill-Muire.

Is buaċaillín mise do ṡiubalaiġ a lán
Ag cur tuairisce na h-áite 's fearr ionad
I ṁúnaḋ, i n-iomċur, i gcliú ċirt 's i gcáil,
I mbéasaiḃ, i dtréiṫiḃ, 's miotal;
Ní h-eol dam aon ċúige nó dún-baile breaġ
D'á ḃfacas im' ṡiubaltaiḃ ba ṡúgaiġe le ráḋ;
Níor leagas riaṁ súil ar aon dúiṫċe ċoṁ breaġ
Leis an áit úd a nglaoiḋtear Cill-Muire air.

Curfá.

Hóruaḋ í! hóruaḋ í! a ḃuaċaillín breaġ,
A's hóruaḋ í! hóruaḋ í! sín ċúgam do láṁ,
Tá jug ar an ḃórd a's naċ cóir é ḃeiṫ lán,
Nó go n-ólaimíd sláinte Ċill-Muire.

Annsúd a ḃíḋ'n t-ionlaċ, mion-ċluiṫ, a's faoileáin
An ċiarsaċ, fraoiċ-ċearca, 'gus druide,
Ar ġéagaiḃ 'na sloiġtiḃ ag géilleaḋ faoi ḃláṫ
A's gur ṁéinn liom a ṡárú i ḃfuireann.
Bíonn fuaim ag an ċonairt d'á leigint ċun fiadaiġ,
Ag traoċaint an tsionnaiġ a's marcaiġ 'na diaiḋ;
Bíonn adharca d'á séideaḋ 's na céadta hurra
Ar ċnocáinín aerach Ċill-Muire.

Ainnsid a bhí'n cuinne go súgach ag dáiṁiḃ
Mar a léiġtear na h-ugdair is cliste;
Bíonn ól agus aoibhneas, rince 'gus rás,
Agus ceolta go binn ann d'á seinm;
Bíonn gasra gnoiḋeaṁar gur gníoṁ iad le ráḋ
I maċaiṙín ċosċair ná'r sċrios riaṁ do náṁaid;
Sin deireaḋ le mo ġníoṁarṫaiḃ aċt líonṫar ċúġainn cárt
Go n-ólamuid sláinte Ċill-Muire.

## An Maidrín Ruaḋ.

Maidin Dia Luain ċois gleann dubh, do ċuadas
A's mé ag cur tuairisc' mo ġéaċa;
Do fuaireas a dtuairisc, do ċuaiḋ siad suas
Leis an ṁaidrín ruaḋ 's é ag léim-ruit.
Greadaḋ croiḋe cráiḋte ort, a ṁadaiḋ ruaḋ ġránna,
A ruġ uaim m'ál breaġ géaċa,
Mo ċearca beaga bána, mo ċoiliġ beaga Márta,
'S na laċain beaga 'ḃ'ḟearr a ḃí i nÉirinn.

## Curfá.

An maidrín ruaḋ, ruaḋ, ruaḋ, ruaḋ, ruaḋ,
An maidrín ruaḋ 'tá gránna,
An maidrín ruaḋ 'na luiḋe 'san luaċair
A's bárr a ḋá ċluais anáirde.

"Good morrow, fox." "Good morrow, sir."
"Pray, what is that you are atin'?"
"A fine fat goose I stole from you,
And will you come and taste it?"
"No, indeed; slug é thu féin,
Cá ċuirfim-se greim im' ḃéal de;
But I vow and swear you'll dearly pay
For my fine fat goose you're atin'."

## Curfá.

Ba ró-ḃreaġ an sólas ar ḃaisteaḋ nó ar ṗósaḋ
Ceann nó ḋó de mo ġéaċaiḃ;
Nó beaġán d'a gcuid feóla a ṫabairt do ḋuine
breoiḋte,
Go ḃfuiġeaḋ sé sóġ mór a's beannacht 'na ḋiaiḋ
sin.

Ar a ṡuiġ ḃeaḋ agat meas nó is ann a ḃeaḋ
deag-ḃlas,
Agus ċuirfeaḋ sé teas 'sd' ċnámaiḃ;
Ní'l tuaṫta nó cléir i nÉirinn go léir
Ar lá féile naċ mbéaḋ leis sásta.
Curfá.

Hark, hark, Finder, Lily, agus Piper,
Cruinniġiḋ an ċonairt le n-a ċéile,
Go mbainimid as pára naċ dtugann mórán
spáis do;
Is ró-ġearr go bḟáġaiḋ sé bás léanṁar.
Tally-ho le n-a ḃun, tally-ho le n-a ḃun,
Ná leig as d'aṁarc é, a Ṁáġnuis,
Aċt leanamuid go géar é amaċ suas 'un
tsléiḃe
Go mbainimid as éiric fá n-a ḋánaċt.
Curfá.

Sinn Féin Aṁáin.

Arís i gcríoċaib Inse Fáil Tá teanga 's sinnsear Gael faoi ċáin.
An cainnt a ġráḋuiġ siad fad ó Tá ag déanaṁ ceoil ár béid go deo.
Le ciantaib bliadain go doilḃ dubaċ Ba ċoir le Gaill ár nGaeilg ṁúbaċ;
Tá'n oiḋċe ṫart, feo'n solus lán, Is sinn do ḃuaiḋ, Sinn Féin Aṁáin.

Is beag naċ múċta marḃ bí Ár nGaeilg binn a raḃ fágṫa dí
Aċt 'tcionn gaċ Gall a's Gael indiu Go mbéiḋ sí feasta ar áṫrúċaint;
Dar bríġ ár móide, le linn ár saoġail Labairfeamuid Gaeilg binn gan baoġal;
A's cuimneoċamuid, nuair a ḃéas sí slán, Gur sinn do ḃuaiḋ, S. F. A.

Baboró (Abrán Smóṫaċáin),
Ba ṁeiḋreaċ féin céad rún mo ċléiḃ i n-éinḟeaċt liom-sa tráṫ,
Baboró 'gus óra, 'ṁíle ġráḋ!
Ba réiḋ a ċéim ag siubal na sléiḃt' amaċ ón ġarrḋa bán, Baboró,
Baboró gus óra, 'ṁíle ġráḋ,
Do ġab mo ḃuaċaill córaċ uaim ṫar sáil'
Aċt ḃearfaiḋ Dia na ngrásta é dom' ċroiḋe ar ais go slán,
Baboró, 7rl.

An ḃfaca tú mo ḃuaċaill duḃ a's é ag róṁar na mbán? Baboró
Níor loinnruiġ grian ar ṁac na ḃFiann ba ġile snuaḋ a's bláṫ, „

pretty girl walking down
9999
the street